# Clár na nÁbhar


**Réamhfhocal an Chathaoirligh** .... 2

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** .... 4

**Réamhrá** .... 7
- Feidhmeanna .... 8
- Struchtúr CFI .... 8
- Cuspóirí Straitéiseacha CFI .... 8

**Cruthú Post agus Aistriú Scileanna go dtí Réigiún an Iarthair a Chur Chun Cinn agus a Spreagadh** .... 9
- An Feachtas Look West .... 9
- Fiontar agus Fostaíocht i Réigiún an Iarthair: Saincheisteanna, Dúshláin agus Moltaí .... 10

**Timpeallacht Eacnamaíoch ar Ardchaighdeán a Chruthú trí Fheabhas a Chur ar an Infrastruchtúr Eacnamaíoch Réigiúnach** .... 11
- Iompar .... 11
- Teileachumarsáid .... 13
- Fuinneamh .... 14

**Timpeallacht Ghnó ar Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacaíocht a Thabhairt d'Fhiontar Réigiúnach le Ciste Infheistíochta an Iarthair** .... 15
- Ciste Infheistíochta an Iarthair .... 15
  - *Ról Chiste Infheistíochta an Iarthair* .... 15
  - *Achoimre ar CII* .... 15
  - *Cur leis an nGluaiseacht Chun Cinn* .... 16
  - *Na hInfheistíochtaí ar Íocadh Astu in 2004* .... 16
  - *Infheistíochtaí Ceadaithe in 2004* .... 18
  - *Poist phoitéinsiúla cruthaithe/cothabháilte agus cistí faighte ag CII* .... 19
- Athruithe ar Fhaomhadh Cúnaimh Stáit .... 19
- Iniúchadh Sóisialta .... 20
- Cás Staidéir Infheistíochta
  - *Lightstorm Networks Teo* .... 16
  - *Torc Interactive Teo* .... 17
  - *Maoiniú Mara Teo* .... 18
  - *Kilkee Tourism Teo* .... 19
  - *Aghamore Community Development Association Teo* .... 19
  - *3Touch Teo* .... 20
  - *North West Wireless Networks Teo* .... 20
  - *Hookablemedia Teo* .... 20
  - *Cora Systems Teo* .... 20

**Tionscail Tuaithe Inmharthana a Chur Chun Cinn sa Réigiún** .... 21
- An Earnáil Bia Talmhaíochta Orgánach .... 21
  - *Atlantic Organics* .... 21
  - *Coistí Orgánacha Náisiúnta* .... 21
- Turasóireacht i gCeantair Thearcfhorbartha .... 22
  - *Clár Forbartha Turasóireachta an Iarthair* .... 22
- Úinéireacht Pobail ar Fheirmeacha Gaoithe .... 23

**Forbairtí Riaracháin** .... 25
- Foireann .... 25
- Cúram Custaiméirí .... 25

**Tuairisc ar Chomhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit ag CFI in 2004** .... 26

**Financial Accounts etc to go here** .... 27

| | | |
|---|---|---|
| ***Aguisín 1:*** | Baill Choimisiún Forbartha an Iarthair 2004 | 39 |
| | Painéal an Choiste Iniúchta | 39 |
| ***Aguisín 2:*** | Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair | 40 |
| ***Aguisín 3:*** | Painéal Comhairleach Chiste Infheistíochta an Iarthair | 40 |
| | Painéal Comh-Mheastóireachta Chiste Infheistíochta an Iarthair | 40 |
| ***Aguisín 4:*** | Punann Tionscadal 2004 | 41 |


## Abbreviations used in this report

| | |
|---|---|
| **AER** | Alternative Energy Requirement |
| **BGÉ** | Bord Gáis Éireann |
| **BMW** | Border, Midland and West |
| **CAP** | Common Agricultural Policy |
| **ESG** | Enterprise Strategy Group |
| **IBEC** | Irish Business Employers Confederation |
| **ISC** | Information Society Commission |
| **KIA** | Knock International Airport |
| **LGCSB** | Local Government Computer Services Board |
| **NSS** | National Spatial Strategy |
| **NDP** | National Development Plan |
| **REP** | Renewable Energy Partnership |
| **SME** | Small & Medium-sized Enterprises |
| **WDC** | Western Development Commission |
| **WDTP** | Western Development Tourism Programme |
| **WIF** | Western Investment Fund |

# Réamhfhocal an Chathaoirligh



In 2004, d'ullmhaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) straitéis nua do 2004-2006. Is é croílár na straitéise láidreachtaí CFI a dhíriú ar riachtanais agus deiseanna Réigiún an Iarthair. Is éard atá taobh thiar de straitéis CFI an creideamh atá againn gur chóir do Réigiún an Iarthair a bheith iomaíoch, ní hamháin in Éirinn ach san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin.

Tugann ceithre chuspóir straitéiseacha tacaíocht do straitéis nua CFI: feasacht a chothú ar na coinníollacha dearfacha maireachtála agus oibre atá ar fáil i Réigiún an Iarthair; forbairt infrastruchtúir réigiúnaigh straitéisigh a chur chun cinn; leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'fhorbairt timpeallacht fiontair agus cultúr infheistíochta caipiteal fiontair trí mheán Chiste Infheistíochta an Iarthair; agus cur chuige nua a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'fhiontair tuaithe, chun iad a fhorbairt agus chun iad a chothabháil.

Tá fócas CFI ar infrastruchtúr réigiúnach réasúnta i gcomhthéacs fhorbairt na nGeataí agus na Mol mar chuid den Straitéis Spásúil Náisiúnta (SSN). Cuirfear forbairt Geataí agus Mol i Réigiún an Iarthair chun cinn trí infrastruchtúr réigiúnach straitéiseach a sholáthar – sula mbeidh gá leis, uaireanta. Is tosaíochtaí móra de chuid Réigiún an Iarthair agus CFI iad beartais infrastruchtúir a chur chun cinn a thugann tacaíocht do rochtain aeir idirnáisiúnta, rochtain bóthair agus iarnróid, infrastruchtúr teileachumarsáide agus infrastruchtúr fuinnimh.

Tá a lán bailte beaga agus bailte ar mheánmhéid i Réigiún an Iarthair. Tá laghdú ag teacht ar líon na ndaoine atá fostaithe sa réimse talmhaíochta mar thoradh ar athruithe suntasacha sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus de bharr sin, baineann tábhacht nach beag lenár mbailte beaga maidir le fostaíocht a chur ar fáil do na daoine sna ceantair tuaithe mórthimpeall orthu. Leag tuarascáil 2003 CFI *Jobs for Towns: Small and Medium-Sized Towns on Radial Routes in the Western Region*, béim ar a ullamh agus atá fiche cinn de na bailte níos lú i Réigiún an Iarthair le haghaidh infheistíochta. Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfar Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais a dhílárú go dtí na bailte níos lú chun cur ar a gcumas forbairt a dhéanamh de réir na bpleananna atá leagtha amach sa SSN.



*"Is éard atá taobh thiar de straitéis CFI an creideamh atá againn gur chóir do Réigiún an Iarthair a bheith iomaíoch, ní hamháin in Éirinn ach san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin."*

An Cathaoirleach Michael Farrell, 2004.



Sheol CFI an tionscnamh Look West in 2004 chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar a réidh agus atá bailte san Iarthar glacadh le daoine agus le hinfheistíocht. An aidhm atá ag *Look West* ná feasacht grúpaí tábhachtacha áirithe ar na coinníollacha dearfacha oibre agus maireachtála atá ar fáil i Réigiún an Iarthair a mhéadú. Leagann an tionscnamh spreagúil seo béim ar láidreachtaí an réigiúin, lena n-áirítear maoin agus cúram leanaí níos saoire, agus seirbhísí cosúil le córas maith oideachais agus deiseanna iontacha fóillíochta agus sóisialta.

Tá Réigiún an Iarthair ar cheann de na codanna d'Éirinn atá fós faoin tuath. Tiocfaidh athrú suntasach ar an réigiún mar thoradh ar an athbhreithniú ollmhór atá á dhéanamh ar CAP. Leagann CFI béim ar a thábhachtach agus atá sé cuir chuige éagsúla a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tuaithe. Mar thoradh ar a chur chuige comhtháite lena n-áirítear beartas agus forbairt ghníomhach, tá ar chumas CFI múnlaí oibríocha d'athrú a chur ar fáil i roinnt earnálacha, lena n-áirítear turasóireacht tuaithe, fuinneamh athnuachana agus táirgeadh bia talmhaíochta orgánach.

I measc na ndúshláin atá le sárú ag Réigiún an Iarthair, tá an ghluaiseacht i dtreo geilleagar atá bunaithe ar an eolas, an borradh atá ag teacht ar an earnáil seirbhísí agus an meath atá ag teacht ar an earnáil talmhaíochta agus déantóireachta. Sa todhchaí, bainfidh gnóthaí iomaíochas idirnáisiúnta amach den chuid is mó de trí thaighde agus nuálacht. Bhí obair CFI a cuireadh faoi bhráid an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta agus a foilsíodh i mí na Bealtaine 2004 faoin teideal *Enterprise and Employment in the Western Region: Issues, Challenges and Recommendations* dírithe ar é sin a bhaint amach i Réigiún an Iarthair.

Toisc go mbeidh na leibhéil tacaíochta fabhracha atá ann anois ag teacht chun críche faoi dheireadh 2006, tá CFI den tuairim gur chóir do ghnólachtaí trasna na n-earnálacha uile i Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (TLTI) uasmhéid an mhaoinithe atá ceadaithe faoi stádas Chuspóir 1 a fháil. Léiríonn feidhmíocht iontach Chiste Infheistíochta an Iarthair (CII) in 2004 go bhfuil tionscadail mhaithe nuálacha sa réigiún má thugtar an spreagadh ceart dóibh. Chaith CFI a leithroinnt iomlán bhliantúil CII de €4 milliún in 2004. Rinne CFI infheistíocht straitéiseach in Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire freisin agus táim breá sásta lena fheidhmíocht láidir gnó in 2004. Creidimid go bhféadfadh an fhorbairt de mhol aer-rochtana idirnáisiúnta ag Cnoc Mhuire dul i gcion go mór ar gheilleagar Réigiún an Iarthair.

Táim sásta go ndearna CFI obair shuntasach in 2004 a chabhróidh go mór le todhchaí dhearfach a chruthú do phobal Réigiún an Iarthair. Ba mhian liom buíochas a ghlacadh leo siúd uile a d'oibrigh le CFI agus a thug tacaíocht dár gcuid oibre le linn 2004, go háirithe Éamon Ó Cuív, T.D. Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, baill eile an Choimisiúin agus gach duine a ghlac páirt i bpainéil chomhairleacha éagsúla CII agus CFI. Ba mhian liom freisin moladh a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach Lisa McAllister agus a foireann as a dtiomantas agus as a ngnóthachtálacha in 2004. Tá CFI ag tnúth go mór le forbairt leanúnach a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí agus tá sé ag súil freisin go mbeidh bliain rathúil eile aige in 2005.

Michael Farrell
An Cathaoirleach

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



D'éirigh go maith le CFI in 2004, an chéad bhliain de chur i bhfeidhm ár bPlean Straitéisigh nua 2004-2006. Ba bhuaicphointí 2004 iad go raibh an bhliain is fearr riamh ag CII, gur seoladh *Look West*, gur tionscnaíodh ár bhfeachtas poiblíochta don réigiún agus gur foilsíodh treoirleabhair ar fhuinneamh gaoithe. Chuir CFI go mór leis na seacht gcontae iartharacha in 2004 idir infheistíochtaí CII agus an obair bheartais agus forbartha a rinneamar chun buntáistí iomaíocha an Iarthair a chur chun cinn.

Le linn 2004, rinne CFI iarracht cur leis an obair a bhí déanta aige cheana féin agus chuir sé béim ar ról na mbailte beaga agus na mbailte meánmhéide i Réigiún an Iarthair agus ar a n-ullmhacht le haghaidh infheistíochta. Sheolamar an tionscnamh Look West a chuireann an tIarthar chun cinn mar cheantar caithiseach ar fiú maireachtáil agus oibriú ann. Tá an feachtas corraitheach cuir chun cinn agus poiblíochta dírithe ar dhaoine i mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bhféadfaidís machnamh a dhéanamh ar bhogadh go dtí an tIarthar. Tá *Look West* dírithe ar an réimse is leithne de dhaoine agus de scileanna a mhealladh go dtí contaetha an Iarthair, lena n-áirítear daoine a dtagann a dteaghlaigh ón réigiún sin ó dhúchas agus daoine nach bhfuil baint ar bith acu leis an Iarthar. Luadh ar an raidió, sa phreas agus ar chláir fógraíochta gur féidir maireachtáil san Iarthar gan an strus céanna agus ar chostas níos ísle. Tá láithreán gréasáin ag an bhfeachtas freisin – www.lookwest.ie – a léiríonn na buntáistí go léir a bhaineann le bogadh go dtí an t-iarthar agus tá naisc le faisnéis chuimsitheach ar thithíocht, scoileanna, cultúr agus saol sóisialta ar an láithreán sin freisin. Ba mhór le CFI dlúthobair a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla sa réigiún chun an láithreán gréasáin sin a ullmhú.

Cuireann CFI béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfrastruchtúr ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun a chinntiú go bhfuil an réigiún iomaíoch maidir le tionscail bunaithe ar an eolas a mhealladh agus a choinneáil. Chuir CFI béim ar leith ar an tábhacht a bhaineann le hAerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire (KIA) mar phríomhghné d'infrastruchtúr réigiúnach. Chómhaoinigh CFI staidéar Goodbody ar thionchar eacnamaíoch Aerfort Chnoc Mhuire a thaispeáin gur chuir KIA 740 post ar fáil agus gur chuir sé €36.5m leis an Olltáirgeacht Intíre náisiúnta in 2004. Tharla sé sin, den chuid is mó, mar thoradh ar thionchar an aerfoirt ar thurasóireacht.

Tá aerfort Chnoc Mhuire ríthábhachtach do thionscal, do ghnó agus do thurasóireacht i Réigiún an Iarthair. De bharr an bhorrtha shuntasaigh a tháinig ar an aerfort le roinnt blianta anuas agus an teagmháil atá againn féin le gnó san Iarthar, creideann CFI anois go bhfuil poitéinseal mór aige agus go mbaineann ríthábhacht leis maidir le rochtain ar an réigiún. Leag CFI béim air sin in 2004 nuair a rinne sé teagmháil leis an Rialtas, leis an nGrúpa Straitéise Fiontraíochta agus le grúpaí tábhachtacha eile a bhfuil baint acu le beartas a dhéanamh agus déanfaidh sé amhail in 2005.

Tá ardinfrastruchtúr teileacumarsáide riachtanach do thodhchaí an Iarthair freisin agus mar sin ba cheannródaí é CFI maidir le béim a leagan ar an ngá le hidirlíon leathanbhanda a chur ar fáil ar fud an réigiúin. Cé go ndearnadh dul chun cinn maidir leis sin a thionscnamh in 2004, ba dhíol imní é do CFI fós go raibh difríochtaí réigiúnacha ann maidir le hinfhaighteacht, caighdeán agus costas an leathanbhanda. Lean CFI air ag déanamh monatóireachta ar thabhairt isteach an leathanbhanda san Iarthar in 2004, agus bhí sé rannpháirteach sa Choimisiún um an tSochaí Faisnéise (ISC)[1].

Lean CFI air ag cuidiú le hinfrastruchtúr iarnróid a fhorbairt trína bhallraíocht den Sainghrúpa Oibre ar Chonair Iarnróid an Iarthair. Chuir an obair sin leis an tsuim a gineadh ag a Sheimineár Iarnróid ceannródaíoch a tionóladh i ndiaidh fhoilsiú an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid in 2003. Rinne CFI scrúdú ar ról agus tábhacht an infrastruchtúir iarnróid i bhforbairt réigiúnach cheana féin agus d'oibrigh sé go gníomhach chun a chinntiú go ndéanfar machnamh cuí ar Chonair Iarnróid an Iarthair a athoscailt. Tá an Sainghrúpa Oibre ar Chonair Iarnróid an Iarthair le tuairisc a thabhairt go luath in 2005.

In 2004, rinne CFI infheistíocht de 4m i 22 tionscadal i Réigiún an Iarthair trí mheán CII. Tá céatadán CII dílsithe do thionscadail infheistíochta áitiúla. In 2004, rinneadh thart ar

[1] Is comhlacht comhairligh neamhspleách é an Coimisiún um an tSochaí Faisnéise (ISC) a thugann tuairiscí díreach don Taoiseach.

*"Ba bhuaicphointí 2004 iad go raibh an bhliain is fearr riamh ag CII, gur seoladh Look West, gur tionscnaíodh ár bhfeachtas poiblíochta don réigiún agus gur foilsíodh treoirleabhair ar fhuinneamh gaoithe."*

CEO Lisa McAllister

16% de leithroinnt bhliantúil CII a infheistiú in iasachtaí a tugadh do thionscadail phobail.

Tá Ciste Infheistíochta an Iarthair tagtha chun cinn mar fhoinse aitheanta de shíolchaipiteal agus caipiteal forbartha do thionscadail tráchtála i Réigiún an Iarthair agus is foinse thábhachtach maoiniúcháin d'infheistíochtaí sóisialta é freisin. Ó 2001, tá €11 milliún de Chiste Infheistíochta an Iarthair infheistithe ag CFI i 56 tionscadal. Ní raibh ar chumas a lán de na tionscadail teacht ar an airgead a bhí riachtanach le tús a chur lena ngnóthaí nó le forbairt a dhéanamh orthu gan CII toisc nach raibh na sócmhainní cuí ná cuntas teiste leis na bainc acu. D'oibrigh CII i ngach ceantar de Réigiún an Iarthair in 2004, agus is é an rud is spreagúla go ndearnadh leath na n-íocaíochtaí i gceantair tuaithe agus go raibh 70% de na ceadaithe i gceantair tuaithe freisin. Tá CFI ag tnúth go mór lena spriocanna a bhaint amach arís sna blianta amach romhainn. Is fíor sin go háirithe, toisc go mbeidh an Ciste ag fáil díbhinní óna infheistíochtaí, agus beidh sé in ann an t-airgead sin a ath-infheistiú i dtionscadail eile. Tá ag éirí le CFI cultúr caipiteal fiontair a chothú i Réigiún an Iarthair mar thoradh ar CII a chur ar fáil agus feidhmíocht CII.

In 2004, d'fhoilsigh CFI a thuarascáil *Enterprise and Employment in the Western Region: Issues, Challenges and Recommendations*. Cuireadh an tuarascáil sin faoi bhráid an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF). Bhí 23 moladh sa tuarascáil sin a bhain leis na saincheisteanna amach roimh Réigiún an Iarthair agus na dúshláin atá le sárú aige i ngeilleagar domhandaithe iomaíoch agus i sochaí bunaithe ar an eolas[2]. Bhí CFI sásta gur tugadh aghaidh ar roinnt de na saincheisteanna a bhí luaite ann i dtuarascáil dheireanach an GSF.

Tá CFI tiomanta a chinntiú go mbaineann ceantair tuaithe tairbhe as acmhainní nádúrtha an Iarthair, agus oibríonn sé go gníomhach chun tionscadail a fhorbairt ina mbíonn fíorbhuntáiste iomaíoch ag an Iarthar. Áirítear orthu sin fuinneamh inmharthana, turasóireacht tuaithe agus bia talmhaíochta orgánach. Cuireadh obair chun cinn trasna na dtrí réimse sin in 2004. Cuireann CFI turasóireacht tuaithe chun cinn trí pháirt a ghlacadh i gClár Forbartha Turasóireachta an Iarthair (CFTI) agus i dtionscnamh an Bhosca Ghlais[3]. Le linn 2004, lean CFI air ag cabhrú le Atlantic Organics (ar a tugadh Tionscnamh Straitéiseach Orgánach an Iarthair tráth) agus ghlac siad páirt sa Choiste Stiúrtha Orgánach Náisiúnta.

Gaisce mór a baineadh amach in 2004 ná foilsiú na tuarascála *To Catch the Wind: the Potential for Community Ownership of Wind Farms in Ireland*. Is lámhleabhar céim ar chéim é an treoirleabhar sin agus an dlúthdhiosca a théann leis do ghrúpaí pobail a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh i dtionscadal fuinneamh gaoithe. D'ullmhaigh CFI é i gcomhpháirtíocht le Mayo Community Wind Energy Group agus , Inis Eoghain, Co Dhún na nGall. Ba mhian le CFI buíochas a ghlacadh leis an dá ghrúpa sin as a rannpháirtíocht sa tionscadal sin. Tá CFI thar a bheith sásta leis an bhfreagra dearfach a tugadh ar an treoirleabhar sin agus tá súil aige cur leis trí thionscadal píolótach fuinnimh inmharthana a éascú le pobal i Réigiún an Iarthair.

Ba mhian liom anois buíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach, Michael Farrell, le baill an Choimisiúin agus leo siúd go léir a ghlac páirt i gCII agus i bpainéil chomhairleacha éagsúla CFI as an tacaíocht agus an spreagadh a thug siad le linn 2004. Teastaíonn uaim go háirithe buíochas a ghlacadh le foireann CFI as a bheith chomh tiomanta do ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus as an obair a rinne siad ar a son. Ar deireadh, glacaim buíochas leis na heagraíochtaí agus leis na daoine aonair uile, i Réigiún an Iarthair agus go náisiúnta, a chaith a gcuid ama ar chabhair a thabhairt d'obair CFI in 2004 agus a d'oibrigh go díograiseach ar ár son. Táimid ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh lenár gcuid oibre agus cur go mór le forbairt an Iarthair sa todhchaí.

Lisa McAllister
An Príomhfheidhmeannach

[2] Cheap an Tánaiste an Grúpa Straitéise Fiontraíochta chun straitéis fiontraíochta a ullmhú d'fhás agus d'fhostaíocht in Éirinn go dtí 2015.


[3] Plean éiceaturasóireachta comhtháite réigiúnbhunaithe a chlúdaíonn contaetha Liatroma, Shligigh, Dhún na nGall agus Fhear Manach.

# Réamhrá

Baill an CFI



Faoi théarmaí an Achta um Choimisiún Forbartha an Iarthair, cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) forbairt eacnamaíoch agus shóisialta chun cinn i Réigiún an Iarthair, cabhraíonn sé léi agus spreagann sé í. Comhlíonann CFI a dhualgais reachtúla trí obair a dhéanamh chun a chinntiú go bhfreastalaíonn beartas agus cleachtas eacnamaíoch agus sóisialta go héifeachtúil ar riachtanais forbartha chontaetha Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Mhaigh Eo, Ros Comáin, na Gaillimhe agus an Chláir. Feidhmíonn CFI faoi scáth na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus bhí buiséad oibriúcháin €1.5 milliún aige in 2004.




*Struchtúr eagraíochtúil CFI*

# Feidhmeanna CFI

Trína ghníomhaíochtaí beartais, forbartha agus infheistíochta, bíonn CFI dírithe ar aird a tharraingt ar na deiseanna atá ann in earnálacha táirgthe, infrastruchtúr eacnamaíoch agus pobail tuaithe Réigiún an Iarthair agus déanann sé iarracht tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh sna hearnálacha sin. Bíonn CFI ag comhoibriú le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le cuideachtaí, i dteannta na n-earnálacha pobail agus deonacha chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- chun a chinntiú go ndéantar machnamh ar riachtanais forbartha agus ar leas Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde den Rialtas;
- chun gníomhartha beartais eacnamaíoch agus shóisialta a aithint, a mhonatórú agus a chur chun cinn a chomhlíonann riachtanais an réigiúin maidir le forbairt inmharthana, agus a bhaineann an úsáid is fearr as a acmhainní daonna agus fisiciúla;
- chun tionscnaimh réigiúnacha a chur chun cinn agus a spreagadh in earnálacha éagsúla lena n-áirítear na hearnálacha gnó, pobail agus deonacha agus na húdaráis áitiúla chun a chinntiú go gcothabháiltear iomaíochas an réigiúin;
- chun fáil réidh le bearna maoinithe sa réigiún tríd an gciste dílsithe caipiteal fiontair agus iasachtaí a mbaineann luach €32 milliún leis agus ar a dtugtar Ciste Infheistíochta an Iarthair (CII) a bhainistiú.

# Struchtúr CFI

Tá dáréag ball ag Coimisiún Forbartha an Iarthair a bhíonn ceaptha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Tugann feidhmeannacht atá lonnaithe in Dillon House, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin tacaíocht do CFI. Tá an struchtúr den fheidhmeannacht 15 ball leagtha amach thíos. Déanann foirne tionscadail na gníomhaíochtaí oibre agus de ghnáth bíonn foireann beartais, forbartha agus infheistíochta ar na foirne sin. Nuair is gá, tugann foireann ar conradh tacaíocht d'fheidhmeannaigh lánaimseartha.

# Cuspóirí Straitéiseacha CFI

Ag féachaint don ionchur a fuair sé ó raon leathan páirtithe agus ó luchtanna leasa réigiúnacha agus náisiúnta, bhunaigh CFI a chlár oibre do 2004 ar thionscnaimh a thug tacaíocht do na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas:

- cruthú post agus aistriú scileanna go dtí Réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus a spreagadh;
- cuidiú le timpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta ar ardchaighdeán a chruthú trí aird a tharraingt ar dheiseanna um fheabhas a chur ar infrastruchtúr iompair, cumarsáide agus fuinnimh Réigiún an Iarthair agus trí thacaíocht a thabhairt do na deiseanna sin;
- cruthú timpeallacht fiontraíochta gnó agus timpeallacht fiontraíochta pobalbhunaithe ar ardchaighdeán a spreagadh ar fud Réigiún an Iarthair;
- fiontar bríomhar agus inmharthana a chruthú i gceantair tuaithe Réigiún an Iarthair.

# Cruthú Post agus Aistriú Scileanna go dtí Réigiún an Iarthair a Chur Chun Cinn agus a Spreagadh

## An Feachtas **Look West**

**Ba é ceann de na rudaí is corraithí a rinne CFI in 2004 tionscnamh *Look West* a sheoladh.**







Cártaí Poist ón tionscnamh **Look West**

Is feachtas cuir chun cinn agus poiblíochta é *Look West* a léiríonn an tIarthar mar cheantar caithiseach ar fiú maireachtáil agus oibriú ann. Tá sé dírithe ar dhaoine i mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bhféadfaidís machnamh a dhéanamh ar bhogadh go dtí an tIarthar. An aidhm atá leis ná raon leathan daoine agus scileanna a mhealladh go dtí contaetha an iarthair.


Is é príomhtheachtaireacht an tionscnaimh *Look West* go bhfuil caighdeán maireachtála iontach i gcontaetha an iarthair. De ghnáth, ní thógann sé an méid céanna ama ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Iarthar taisteal go dtí an obair agus ar ais ón obair, bíonn costais níos ísle ar thithíocht, cúram leanaí agus seirbhísí eile agus tá saol spóirt agus cultúrtha saibhir agus ilghnéitheach ann.

Áirítear ar thionscnamh *Look West*:

- an láithreán gréasáin www.lookwest.ie a leagann béim ar na buntáistí éagsúla a bhaineann le bogadh go dtí an tIarthar faisnéis le fáil air faoi na nithe seo a leanas:
  - maireachtáil, fóillíocht agus gnó san Iarthar le naisc le hailt shuimiúla agus láithreáin ghréasáin ábhartha
  - na seacht gcontae san iarthar lena n-áirítear naisc le láithreáin ghréasáin bailte agus láithreáin ghréasáin eile a bhaineann leis na contaetha;
- poiblíocht raidió, preasa agus cláir fógraíochta i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá an feachtas poiblíochta bunaithe ar an gcoincheap Look West agus cuireann sé Réigiún an Iarthair chun cinn mar áit ar féidir maireachtáil inti le níos lú struis ar chostas níos ísle.

D'oibrigh CFI go dlúth le hocht n-údarás áitiúla agus láithreán gréasáin www.lookwest.ie á chur le chéile aige. Bhí na húdaráis áitiúla freagrach as naisc le láithreáin ghréasáin bailte a chur ar fáil. I roinnt cásanna, bhí gá ann láithreáin ghréasáin nua a chruthú. Chuir an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (BSRRA) tacaíocht theicniúil ar fáil do chruthú www.lookwest.ie agus cuireann sé óstáil ar fáil dó.

Leanfaidh tionscnamh *Look West* ar aghaidh in 2005. Beidh láithreáin ghréasáin eile a bhaineann le bailte ar fud an Iarthair nasctha le www.lookwest.ie sa todhchaí.




Aighneacht CFI don Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta

# Fiontar agus Fostaíocht i Réigiún an Iarthair: Saincheisteanna, Dúshláin agus Moltaí

Tá dúshláin shuntasacha le sárú ag fiontar agus fostaíocht i Réigiún an Iarthair i dtimpeallacht eacnamaíoch atá ag éirí níos domhandaithe agus níos iomaíche. Is iad seo a leanas roinnt de na dúshláin sin:

- gluaiseacht i dtreo geilleagar bunaithe ar an eolas, borradh na hearnála seirbhísí agus meath ag teacht ar dhéantóireacht agus talmhaíocht thraidisiúnta;
- an réaltacht go mbaineann gnóthaí iomaíochas idirnáisiúnta amach go príomhúil trí thaighde agus nuálacht anois.

Tá dúshláin ar leith le sárú sa timpeallacht nua seo mar thoradh ar struchtúr geilleagair Réigiún an Iarthair. Mar sin, leag CFI na saincheisteanna a bhain leis an réigiún amach ina fhoilseachán *Enterprise and Employment in the Western Region: Issues, Challenges and Recommendations*. Chuir CFI an foilseachán sin faoi bhráid an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF) atá chun straitéis fiontraíochta na hÉireann a fhorbairt sna deich mbliana amach romhainn.

Tá 23 moladh ar fhiontraíocht i Réigiún an Iarthair i dtuarascáil CFI. Leagtar na príomh-mholtaí ón tuarascáil sin amach thíos.

Bhí CFI sásta gur tugadh aghaidh ar roinnt de na saincheisteanna a leag sé béim orthu i dtuarascáil dheireanach an GSF.

D'aithin an GSF go gcuirtear go mór le forbairt réigiúnach nuair a chuirtear infrastruchtúr ar fáil sula mbíonn an t-éileamh air. Leag sé béim ar an nasc idir idirlíon leathanbhanda a chur ar fáil sna réigiúin sin agus a gcumas infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, an gá le feabhas a chur ar naisc bhóithre idir na haerfoirt agus na réigiúin a fhreastalaíonn siad orthu agus an gá le feabhas a chur ar na bóithre a théann go dtí an t-iarthuaisceart. D'aithin tuarascáil GSF go bhféadfadh Éire a bheith mar cheannródaí domhanda in earnáil na bhfearas míochaine mar gheall ar an ngrúpa de ghnólachtaí den sórt sin san Iarthar agus d'aithin sé go mbeadh rannpháirtíocht na hearnála poiblí riachtanach chun airgead a chur ar fáil ag luathchéim an ghnó.

Bíonn CFI ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí i bhfiontar agus i bhfostaíocht i Réigiún an Iarthair i gcónaí agus glacann sé páirt i dtionscnaimh réigiúnacha éagsúla, lena n-áirítear cleachtadh réigiúnach réamhfheasa atá dírithe ar fheabhas a chur ar iomaíochas an réigiúin.

Bosca 1 Príomh-mholtaí ó aighneacht CFI don GSF

- Ba chóir go mbeadh spriocanna sonracha do na réigiúin san áireamh sa straitéis fiontraíochta náisiúnta.
- Ba chóir feabhas a chur ar an infrastruchtúr a chuirtear ar fáil i Réigiún an Iarthair, lena n-áirítear idirlíon leathanbhanda a chur ar fáil in áiteanna ina bhfuil dlús daonra níos ísle agus rochtain iompair níos fearr a chur ar fáil le fócas ar leith ar aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire agus aerfort idirnáisiúnta na Sionainne.
- Ba chóir do ghnólachtaí i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (TLTI) an cúnamh Stáit is mó a cheadaítear a fháil faoi Chuspóir 1 atá ag teacht chun críche in 2006.
- Tacaíocht a thabhairt d'inniúlacht taighde reatha san earnáil tríú leibhéal.
- Líonra eolais bunaithe ar theicneolaíocht a chruthú i dtuaisceart Réigiún an Iarthair a mbeidh na hInstitiúidí Teicneolaíochta, tionscail agus gníomhaireachtaí forbartha páirteach ann.
- Tacaíocht a thabhairt d'acmhainn margaíochta agus bainistíochta gnó agus teicneolaíochta a mhéadú i bhFiontair Bheaga agus ar Mheánmhéid (SME) san earnáil thraidisiúnta.
- Beartais cheantarbhunaithe a chruthú chun dul i ngleic leis an laghdú atá ag teacht ar fhostaíocht i ndéantóireacht agus talmhaíocht thraidisiúnta.
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar an ngrúpa cuideachtaí san Iarthar atá dírithe ar fhearais mhíochaine.

# Timpeallacht Eacnamaíoch ar Ardchaighdeán a Chruthú trí Fheabhas a Chur ar an Infrastruchtúr Eacnamaíoch Réigiúnach



## Iompar

### Rochtain ón Aer



Teasann CFI go bhfuil infrastruchtúr maith ar ardchaighdeán riachtanach d'iomaíochas an Réigiúin maidir le hinfheistíocht a mhealladh agus a choinneáil. Tá rochtain ón aer ríthábhachtach do na tionscail nuálacha bunaithe ar an eolas ar mian le hÉirinn iad a mhealladh agus cur leo. Mar sin, baineann ríthábhacht le haerfort idirnáisiúnta na Sionainne agus aerfort idirnáisiúnta Chnoc Mhuire in infrastruchtúr Réigiún an Iarthair . Tá suíomh maith ag Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire le freastal ar riachtanais thuaisceart an Réigiúin agus an ceantar máguaird, agus is féidir le hAerfort na Sionainne freastal ar dheisceart an réigiúin.

Tháinig méadú suntasach ar Aerfort Chnoc Mhuire le roinnt blianta anuas ach tá gá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh ann anois chun é a uasghrádú. In 2004, chómhaoinigh CFI staidéar ar thionchar KIA ar an ngeilleagar. Rinne Comhairligh Goodbody an obair. Ba anailís é ar thionchar caiteachais agus dinimiciúil KIA. Léirigh an staidéar gur chruthaigh Aerfort Chnoc Mhuire 740 post agus gur chuir sé €36.5 milliún leis an Olltáirgeacht Intíre náisiúnta in 2004, trí fhostaíocht dhíreach agus neamhdhíreach agus tríd an tionchar a bhí aige ar an turasóireacht. Cheap cuideachtaí eachtracha sa réigiún go raibh seirbhísí an aerfoirt an-luachmhar. Dar le Goodbody bíonn rochtain ón aer riachtanach chun geilleagar bunaithe ar an eolas a fhorbairt agus is cosúil go mbeidh tionchar i bhfad níos mó ag rochtain ón aer ar infheistíocht isteach anois ná mar a bhí go dtí seo. Tá sé riachtanach go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht níos dírithe agus níos substaintiúla do KIA chun cur ar a chumas freastal ar an réigiún ar an tslí is fearr is féidir.



Sligo inner relief road under construction

## Bóithre

Chun forbairt eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta a chur chun cinn, tá sé riachtanach go mbeidh sé éasca taisteal ó cheantair eile go dtí Réigiún an Iarthair, ó Réigiún an Iarthair go ceantair eile agus taisteal ó áit go háit laistigh den Réigiún sin. Le blianta beaga anuas, tháinig laghdú suntasach ar an méid ama a thógann sé taisteal ó áit go háit sa réigiún mar thoradh ar na feabhsuithe a cuireadh ar bhóithre ar fud an réigiúin. Go dtí seo, áfach, níor caitheadh an t-airgead measta air agus tá i bhfad níos mó le déanamh chun fáil réidh leis an riaráiste sin. B'ionann caiteachas carnach an Phlean Forbartha Náisiúnta ar bhóithre náisiúnta go dtí deireadh 2003 agus 63% den bhuiséad i Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair (TLTI) i gcomparáid le 143% i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir.

Rinne CFI monatóireacht ar an gcaiteachas ar bhóithre náisiúnta in 2004 freisin agus ba mhór leis a fheiceáil go raibh méadú ar an gcaiteachas ar bhóithre i Réigiún TLTI. Tá sé riachtanach, áfach, go gcuirfear deireadh leis an éagothroma réigiúnach sa chaiteachas sin sna blianta deiridh den Phlean Forbartha Náisiúnta. Níor chóir go mbeadh tionchar ag costais bhreise nó athruithe tosaíochta i réigiúin amháin ar thiomantais bhuiséid i réigiún eile.

Le linn na bliana, chuir CFI liosta de thosaíochtaí maidir le bóithre a thógáil faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Ar na príomhthosaíochtaí a luadh ann, bhí an bóthar N5 go Maigh Eo, na bóithre níos gnóthaí sa Ghaillimh agus sa Chlár agus an conair thuaidh/theas chun rochtain ar na haerfoirt idirnáisiúnta ag Cnoc Mhuire agus Sionainn a éascú.

## Seirbhísí Iarnróid

Tá méadú tagtha ar líon na mbrúnna tráchta ar phríomhbhóithre áirithe na tíre agus sa chomhthéacs sin, is modh iompair atá ag éirí níos tábhachtaí agus níos mealltaí é an t-iarnród. Le fada an lá, tá CFI ag moladh seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil a théann go dtí réigiún an iarthair, a thagann ón réigiún agus a théann ó áit go háit laistigh den réigiún. D'aithin CFI na réimsí ar chóir tús áite infheistíochta a thabhairt dóibh i Réigiún an Iarthair ina thuarascáil 2001 The State of the West, agus in aighneacht a chuir sé faoi bhráid an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid. Áirítear orthu sin rothstoc nach raibh leordhóthanach, drochchláir ama agus an gá le seirbhísí breise a chur ar fáil.

Stáisiún Iarnróid Bhaile an Mhóta






Chuir CFI fáilte roimh na seirbhísí breise a cuireadh ar fáil ar na bealaí idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh agus idir Inis agus Luimneach in 2004. D'éirigh go breá leis an tseirbhís idir Inis agus Luimneach agus féadfaidh sé sin a léiriú go bhfuil éileamh ar bhealaí comaitéara breise san Iarthar nach bhfuiltear ag freastal air. Toisc nach ndearnadh aon mhéadú ar sheirbhísí ar bhealaí Shligigh nó bealaí Mhaigh Eo in 2004, creideann CFI gur chóir infheistíocht a dhéanamh sna bealaí sin anois.

I mí na Bealtaine 2004, ceapadh Príomhfheidhmeannach CFI chuig an Sainghrúpa Oibre atá ag déanamh staidéir ar indéantacht Conair Iarnróid an Iarthair a athoscailt. D'fhéadfadh an bealach sin nasc iompair a chur ar fáil do phaisinéirí agus do lastas araon ó Shligeach go Luimneach agus ansin go Corcaigh agus Ros Láir. Leag CFI béim ar thábhacht na conaire seo i gcónaí, agus cuireann sé fáilte roimh an ndeis comhoibriú le hionadaithe príomhghníomhaireachtaí eile agus údaráis áitiúla ar an ngrúpa oibre sin.

Tá an grúpa ag déanamh scrúdú ar na costais agus na buntáistí a mbainfeadh le Conair Iarnróid an Iarthair i gcomhthéacs na Straitéise Spásúla Náisiúnta, an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid, Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála agus Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach. Creideann CFI go bhfuil gá le hathróga cosúil leis an tionchar a bheadh ag Conair Iarnróid an Iarthair ar fhorbairt réigiúnach agus a inmharthanacht timpeallachta a mheas i dteannta na dtáscairí níos traidisiúnta a mbaintear úsáid astu in anailís sochair agus costais chun costais agus sochair na conaire a mheas go cruinn. Táthar ag súil go ndéanfaidh an Grúpa Oibre tuairisc don Aire go luath in 2005.

# Teileachumarsáid

Tá ardinfrastruchtúr teileachumarsáide riachtanach do thodhchaí an Iarthair. Dá mbeadh idirlíon leathanbhanda ar fáil ar chostas réasúnta, bheadh tionchar mór aige ar iomaíochas an réigiúin. Bheadh gnólachtaí in ann obair a dhéanamh ar fud an domhain ó shuímh iargúlta. Rinne CFI obair ghníomhach ar shaincheist an idirlín leathanbhanda trí mheán a ionadaíochta ar an gCoimisiún um an tSochaí Faisnéise (CSF). Tharraing an CSF aird ar an mbearna atá ann i gcónaí idir rochtain ar idirlíon leathanbhanda i mbailte níos mó agus lárionaid níos lú i dtuarascáil darbh ainm dó *21st Century Infrastructure*. Mhol sé maoiniú poiblí agus tacaíocht phoiblí leanúnach a thabhairt chun cabhrú le tabhairt isteach an idirlín leathanbhanda agus chun iomaíocht a chur chun cinn. Is réimse de chaiteachas infrastruchtúir é seo inar féidir luach ard a bhaint amach ar chostas sách íseal don chiste poiblí.



Cé go n-aithníonn sé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le tabhairt isteach an idirlín leathanbhanda in 2004, is díol imní do CFI é fós go bhfuil difríochtaí réigiúnacha maidir le hinfhaighteacht, caighdeán agus costas an idirlín leathanbhanda agus leanfaidh sé air ag déanamh monatóireachta ar infhaighteacht idirlín leathanbhanda san Iarthar in 2005.



# Fuinneamh

## Leictreachas

Chun Réigiún an Iarthair a fhorbairt, tá sé riachtanach infrastruchtúr leictreachais iontaofa a chur ann ar féidir freastal ar an éileamh ar leictreachas atá ann faoi láthair agus ar an éileamh ar leictreachas a bheidh ann sa todhchaí. Tá obair ar bun ag CFI chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag déanamh infheistíochtaí cuí i dtarchur agus dáileadh chun cur ar chumas an réigiúin dul san iomaíocht maidir le tionscal a mhealladh.

In 2004, bhuail CFI, Cónaidhm Fostóirí agus Lucht Gnó na hÉireann (IBEC) agus ionadaithe déantóirí atá bunaithe sa réigiún le Greille Náisiúnta BSL arís chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le hinfrastruchtúr tarchuir leictreachais ar ardchaighdeán maidir le forbairt a dhéanamh ar an réigiún. Mhol CFI gur chóir an t-éileamh measta agus an t-éileamh poitéinsiúil a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí a chur san áireamh nuair atá forbairtí ar ghréasán na greille á bpleanáil. Rachadh sé sin leis na tosaíochtaí infrastruchtúir sa Straitéis Spásúil Náisiúnta.



## Gás

Is acmhainn nádúrtha shuntasach é Gásréimse na Coiribe leis an bpoitéinseal sochair mhóra a thabhairt do Réigiún an Iarthair agus d'Éirinn ina hiomláine. Is féidir le gás nádúrtha foinse ghlan fuinnimh a sholáthar do thionscal agus beidh slándáil fuinnimh níos mó ann mar thoradh ar Ghásréimse na Coiribe. Tá sé riachtanach go mbainfidh Réigiún an Iarthair ina iomláine tairbhe as an acmhainn seo agus go mbainfear úsáid as chun cabhrú le forbairt an réigiúin iomláin.

Chuir CFI fáilte roimh an gcinneadh a rinne An Bord Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2004 tacaíocht a thabhairt don chead pleanála a bhí tugtha ag Comhairle Contae Mhaigh Eo do chríochfort cladaigh ag Béal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo. Mar gheall air sin, beidh Bord Gáis Éireann (BGÉ) in ann tús a chur le hobair ar phíblíne tarchuir idir Maigh Eo agus Gaillimh a bheidh nasctha leis an ngreille tarchuir de ghás nádúrtha. Tá an poitéinseal ann píopaí a leagan síos a bheadh nasctha leis an bpíblíne sin chun gás nádúrtha a chur ar fáil do na bailte a dtéann sé tharstu.

Beidh Réigiún an Iarthair in ann a bheith iomaíoch agus tionscail reatha á gcothabháil agus infheistíocht nua á mhealladh má tá rochtain ar an ngreille gháis nádúrtha ar fáil, toisc go mbeidh ar chumas na dtionscal a rogha foinse fuinnimh a úsáid. Lean CFI air ag obair go dlúth le comhlachtaí ábhartha chun a chinntiú go mbaineann an réigiún an leas is fearr is féidir as na buntáistí sin agus nach gcuirfidh an nádúr tuaithe agus méid bheag a lán de na bailte isteach ar fhorbairt an ghréasáin tarchuir gáis nádúrtha sa réigiún.

# Timpeallacht Ghnó ar Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacaíocht a Thabhairt d'Fhiontar Réigiúnach le Ciste Infheistíochta an Iarthair

## Ciste Infheistíochta an Iarthair

### Ról Chiste Infheistíochta an Iarthair

Go minic, bíonn sé deacair nó fiú dodhéanta do dhaoine tacaíocht airgid a fháil ó institiúidí airgeadais phríomhshrutha chun a smaointe inmharthana do ghnóthaí nua le poitéinseal ard a chur i bhfeidhm nó chun a ngnóthaí a leathnú. De ghnáth, tarlaíonn sé sin toisc go mbaineann riosca ard le tionscadail den sórt sin, ní bhíonn cuntas teiste tráchtála ag an duine a bhíonn ag iarraidh na tionscadail a chur chun cinn agus bíonn leibhéal íseal d'urrús ar fáil. Tá imthosca den sórt sin an-chomónta i Réigiún an Iarthair, áit nach raibh gnólachtaí caipiteal fiontair chomh gníomhach agus a bhí siad in áiteanna eile go traidisiúnta. Ar an gcuma chéanna, bíonn fadhbanna maidir le hairgead a fháil ar iasacht ag grúpaí pobail a bhíonn ag tabhairt faoi thionscadail a mbainfeadh tairbhe shóisialta thábhachtach leo.

Bunaíodh Ciste Infheistíochta an Iarthair (CII) chun deireadh a chur le fadhbanna den sórt sin. Is lárphointe é CII anois do chaipiteal fiontair i Réigiún an Iarthair a réitíonn fadhbanna gnóthaí agus grúpaí pobail agus a fhaigheann réidh leis na bacainní atá amach rompu agus iad ag iarraidh cistí forbartha a fháil. I dteannta bearna cothromais a líonadh, is catalaíoch é CII d'fhiontar sóisialta agus eacnamaíoch sa réigiún. Oibríonn CII lena gcliaint ag tabhairt tacaíochta dóibh ar bhonn fadtréimhseach agus ag cabhrú leo a spriocanna fáis a bhaint amach.



The Western Investment Fund Team

Is príomhchuspóir de chuid CII cultúr de chaipiteal fiontair a fhorbairt sa réigiún. Léiríonn CII don earnáil phríobháideach go bhfuil infheistíochtaí bunaithe san iarthar inmharthana trí mheán punainn infheistíochta a bhíonn ag dul i méid i gcónaí.

In 2004, chaith CII €4.03m, cheadaigh sé €3.34m, tharraing sé €0.48m siar agus scríobh sé síos €0.45m. Go dtí seo, tá €11m infheistithe ag CII i 56 tionscadal san Iarthar.

## Achoimre ar CII

Cuireann CII caipiteal cothromais agus iasachtaí ar fáil ar bhonn tráchtála. An aidhm atá aige ná raon cobhsaí d'infheistíochtaí a chur ar fáil trasna réimsí tíreolaíocha, earnálacha tionscail agus an saolré gnó, a léiríonn riachtanais infheistíochta an réigiúin agus a iarrann díbhinn airgid agus díbhinn shocheacnamaíoch ar a infheistíochtaí.

Tá trí fhochiste ag CII:


- **Ciste Infheistíochta Gnó**, deartha den chuid is mó de chun cabhrú le fiontair bheaga agus fiontair ar mheánmhéid (SME)
- **Ciste Infheistíochta Áitiúil**, dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail phobalbhunaithe agus tionscadal nach mbíonn ar thóir brabúis
- **Ciste Infheistíochta do Thionscadail Speisialta**, a bhíonn dírithe ar thionscadail mhóra agus tionscnamh a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar an réigiún.

Tugann Painéal Comhairleach Ciste agus Comhphainéal Meastóireachta tacaíocht do CII. Tagann baill na bpainéal ón earnáil phríobháideach, ó ghníomhaireachtaí Stáit, Clann Credo Teo. agus CFI.

**<< CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA >>**

**Lightstorm Networks Teo**

Chuir CII airgead ar fáil don ghnólacht speisialtachta seo a dhearann leathsheoltóirí ar chéim an-luath. Chuir an infheistíocht sin ar chumas na cuideachta tús a chur le taighde agus forbairt le haghaidh réitigh do ghréasáin leathanbhanda. Mar thoradh ar chistiú CII, tá forbairt iontach déanta ag an gcuideachta agus mheall sé maoiniú suntasach dara babhta ó dhá chuideachta caipiteal fiontair príobháideach ag deireadh 2004.



Bryan Campbell, Príomhfheidhmeannach Lightstorm Networks ▶

## Cur leis an nGluaiseacht Chun Cinn


Lean CFI ar aghaidh in 2004 ag cur na gluaiseachta chun cinn maidir le hinfheistíocht a bhí cruthaithe aige sa réigiún in 2003. Bhí níos mó leasa i CFI de réir mar a tháinig méadú ar an líon iarratas, ceadaithe agus íocaíochtaí thar na blianta roimhe. Le linn na bliana, d'íoc CII infheistíochtaí le luach €4m le 22 tionscadal, lena n-áirítear síolchaipiteal a sholáthar do ghnólacht bunaithe sa Ghaillimh a dhearann leathsheoltóirí, caipiteal fiontair a sholáthar do ghnólacht córais ard-teicneolaíochta atá bunaithe i Ros Comáin agus caipiteal fiontair a sholáthar do chuideachta bogearraí cluichíochta i Magh, Co. Dhún na nGall.

Thug CII €635,000 ar iasacht do thionscadail phobail in 2004 freisin, lena n-áirítear cabhair a thabhairt d'fhorbairt campas pobail ina bhfuil bunscoil náisiúnta, saoráidí cúraim leanaí agus saoráidí pobail i gCo. Mhaigh Eo agus cabhrú le saoráid turasóireachta nuálach a bhunú i gCill Chaoi Co. an Chláir. Gan tacaíocht CII ní bheadh tús curtha lena lán de na tionscadail sin ná ní fhorbrófaí iad.

## Na hInfheistíochtaí ar Íocadh Astu in 2004

Rinneadh formhór (72%) an €4 milliún a íocadh a infheistiú faoin gCiste Infheistíochta Gnó, leithroinneadh thart ar 12% tríd an gCiste Infheistíochta do Thionscadail Speisialta agus tugadh an 16% den airgead a bhí fágtha ar iasacht do ghrúpaí pobail tríd an gCiste Infheistíochta Áitiúil. Fuair tionscadail i gceantair tuaithe beagnach 50% den iomlán, mar a leag an Straitéis Spásúil Náisiúnta amach. Taispeánann na figiúirí agus na táblaí thíos dáileadh na dtionscadal.

### Íocaíochtaí in 2004 de réir Contae



| Contae | % an Airgeadaithe | Líon na dTionscadal | Méid Airgid |
|---|---|---|---|
| Clár | 2 | 1 | €75,000 |
| Dún na nGall | 10 | 2 | €400,000 |
| Cathair na Gaillimhe | 31 | 7 | €1,265,903 |
| Contae na Gaillimhe | 22 | 3 | €896,325 |
| Maigh Eo | 17 | 4 | €697,000 |
| Ros Comáin | 11 | 3 | €432,000 |
| Sligeach | 7 | 2 | €267,000 |
| **Iomlán** | **100** | **22** | **€4,033,228** |





<< CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA >>

### Torc Interactive Teo


Bunaíodh Torc Interactive Teo i 1999 agus tá sé lonnaithe i Magh, Co. Dhún na nGall. Forbraíonn sé "meánearraí" (bogearraí a chuireann seirbhísí feabhsaithe ar fáil d'fheidhmchláir atá ann cheana féin) don chuid den mhargadh cluichíochta atá bunaithe ar ríomhairí pearsanta. Cuireann an t-earra is mó atá aige, an t-inneall Instinct, réaltacht amhairc níos fearr ar fáil i bhfeidhmchláir ghrafacha thríthoiseacha. Beidh an t-inneall sin tugtha chun críche mar thoradh ar infheistíocht €317,000 CII sa ghnólacht. Bíonn eispéireas cluichíochta níos fearr ag imreoirí cluichí mar thoradh ar an inneall *Instinct*. Tá leagan oideachasúil *(Varsity)* á fhorbairt ag an gcuideachta freisin a mbainfear úsáid as in institiúidí tríú leibhéal.

## Íocaíochtaí in 2004 de réir Suímh



| | % an Airgeadaithe | Líon na dTionscadal | Méid Airgid |
|---|---|---|---|
| Geataí agus Moil | 51 | 10 | €2,049,903 |
| Faoin Tuath | 49 | 12 | €1,983,325 |
| **Iomlán** | **100** | **22** | **€4,033,228** |

## Íocaíochtaí in 2004 de réir Earnála Tionscail



| Earnáil | % an Airgeadaithe | Líon na dTionscadal | Méid Airgid |
|---|---|---|---|
| Uisceshaothrú agus Iascaigh | 12 | 1 | €500,000 |
| Fearais Bhithleighis | 17 | 3 | €675,403 |
| Infrastruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta | 14 | 6 | €560,000 |
| Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide | 32 | 7 | €1,309,500 |
| Déantóireacht agus Seirbhísí | 23 | 4 | €913,325 |
| Turasóireacht | 2 | 1 | €75,000 |
| **Iomlán** | **100** | **22** | **€4,033,228** |

**<< CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA >>**

**Maoiniú Mara Teo**

Bhunaigh Grúpa Tháirgeoirí Bia Mara na hÉireann (GTBMÉ) Maoiniú Mara Teo (MMT) chun cabhair a thabhairt don tionscal bradán feirmithe athrú ó bheith faoi stiúir an táirgthe go dtí a bheith faoi stiúir an mhargaidh. Thug CFI €500,000 ar iasacht do MMT chun cabhrú leo leis an athrú sin. Tabharfaidh athrú oibriúcháin tacaíocht don 1400 post atá sa tionscal faoi láthair agus cuirfidh sé ar a gcumas méadú ar an scair den mhargadh bradán feirmithe atá acu cheana féin.




Obair á déanamh ag feirm bradán i gCo. na Gaillimhe

## Infheistíochtaí Ceadaithe in 2004


In 2004 cheadaigh CFI beagnach €3.4m do 15 tionscadal difriúil. Bhí infheistíochtaí cothromais ar 74% den iomlán, agus bhí an chuid eile mar airgead a tugadh ar iasacht. Bhí 70% d'infheistíochtaí ceadaithe CII i gceantair tuaithe in 2004.

### Ceadaithe in 2004 de réir Contae



| Contae | % an Airgeadaithe | Líon na dTionscadal | Méid Airgid |
|---|---|---|---|
| Dún na nGall | 21 | 3 | €692,000 |
| Cathair na Gaillimhe | 20 | 3 | €674,000 |
| Contae na Gaillimhe | 27 | 3 | €917,000 |
| Maigh Eo | 12 | 3 | €397,000 |
| Ros Comáin | 17 | 2 | €559,000 |
| Sligeach | 3 | 1 | €100,000 |
| **Iomlán** | **100** | **15** | **€3,339,000** |

### Ceadaithe in 2004 de réir Suíomh



| | % an Airgeadaithe | Líon na dTionscadal | Méid Airgid |
|---|---|---|---|
| Geataí agus Moil | 30 | 4 | €991,000 |
| Faoin Tuath | 70 | 11 | €2,348,000 |
| **Iomlán** | **100** | **15** | **€3,339,000** |




**<< CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA >>**

**Kilkee Tourism Teo**

D'fhorbair Cumann Lucht Tráchtála Chill Chaoi an *Kilkee Road Train.* Is saoráid turasóireachta nua é an tionscadal seo atá bunaithe i mbaile cois cladaigh Chill Chaoi agus a fhaigheann tacaíocht ó CII. Cé gur coincheap sách nua in Éirinn é, is saoráid turasóireachta an-mhealltach é an traein bóthair ar an mór-roinn. Thug CFI €75,000 ar iasacht chun íoc as an traein bóthair.

Kilkee Road Train

## Ceadaithe in 2004 de réir Earnála Tionscail



| Earnáil | % an Airgeadaithe | Líon na dTionscadal | Méid Airgid |
|---|---|---|---|
| Uisceshaothrú agus Iascaigh | 15 | 1 | €500,000 |
| Fearais Bhithleighis | 9 | 1 | €317,000 |
| Infrastruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta | 12 | 5 | €395,000 |
| Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide | 49 | 6 | €1,610,000 |
| Déantóireacht agus Seirbhísí | 15 | 2 | €517,000 |
| **Iomlán** | **100** | **15** | **€3,339,000** |

## Poist phoitéinsiúla cruthaithe /cothabháilte agus cistí faighte ag CII

Tá an poitéinseal ag tionscadail atá ceadaithe nó ar íocadh astu in 2004 níos mó ná 500 post a chruthú nó a chothabháil i Réigiún an Iarthair. D'fhéadfadh an réigiún €23 milliún d'infheistíocht bhreise a fháil mar thoradh ar na hinfheistíochtaí CII a ceadaíodh agus ar íocadh astu in 2004. Meastar go dtiocfaidh thart ar 61% den airgead sin ón earnáil phríobháideach agus go dtiocfaidh an chuid eile de ón earnáil phoiblí.

## Athruithe ar Fhaomhadh Cúnaimh Stáit

In 2004, rinne an CFI iarratas chuig Coimisiún na hEorpa trí na húdaráis Éireannacha ar athruithe ar fhaomhadh Cúnaimh Stáit CII. Rinneadh an t-iarratas faoi *Communication on State Aid and Risk Capital* an Choimisiúin. Ba iad na príomhathruithe a bhí á lorg ná aitheantas a fháil do CII mar chaipiteal riosca agus ní mar chúnamh oibríochta, suas go €1 milliún a infheistiú i dtráinse amháin agus faomhadh a fháil ón gCoimisiún an CII a fheidhmiú ag baint úsáide as maoiniú státchiste go dtí mí na Nollag 2008. Táthar ag súil le cinneadh ar an iarratas sin in 2005.

**CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA**

**Aghamore Community Development Association Teo.**

Chuir CFI maoiniú idirlinne ar fáil do Aghamore Community Development Association atá bunaithe in Achadh Mór, Co. Mhaigh Eo chun campas pobail chomhtháite a fhorbairt ina raibh bunscoil náisiúnta nua, saoráidí spóirt agus fóillíochta agus saoráidí cúraim leanaí.



Colláis de phictiúir a díoladh ag ceant ealaíne a d'eagraigh Cumann Forbartha Pobail an Achaidh Mhóir

<< CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA >>

### 3Touch Teo

Cuireadh tús le 3Touch Teo in 2002 agus tá sé bunaithe i mBaile Átha Luain, Co. Ros Comáin. Tá córas bainistíochta comhdhála nua-aimseartha forbartha aige chun fáil réidh leis na fadhbanna comónta a thagann chun cinn le linn cuir i láthair cosúil le trealamh nach n-oibríonn i gceart, moillithe, sleamhnáin chaillte srl. Ag teacht óna gcóras *Liberty*, agus bunaithe ar theicneolaíocht atá cosúil leis, d'fhorbair 3Touch uirlis tacaíochta teagaisc nuálach ar a dtugtar *CampusWide* lenar féidir léachtanna a thabhairt ag suímh dhifriúla ag an am céanna. Cabhróidh infheistíocht CII le forbairt dheireanach an táirge agus le céimeanna tráchtála an dá earra.



Córas bainistíochta cuir i láthair 3Touch

## Iniúchadh Sóisialta

Teideal: Gillan Buckley, CFI, Éamon Ó Cuív, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Lisa McAllister, CFI, Paul O'Sullivan, Clann Credo Teo agus Tracey Hannon, Clann Credo Teo/CFI ag seoladh an Iniúchta Shóisialta.

Rinneadh iniúchadh sóisialta ar an gcéad trí bliana den socrú comhoibriúcháin idir CFI agus Clann Credo Teo in 2004. Rinne an t-iniúchadh sin athbhreithniú ar shocruithe oibriúcháin na comhpháirtíochta agus ar réimse leathan de na tionscadail ar thug sé tacaíocht dóibh. Dar le tuairisc an iniúchta, bhí dearcadh dearfach maidir le soláthar an airgid agus maidir leis an bpróiseas meastóireachta tionscadal.

Dúirt a lán de na freagróirí nach mbeadh a dtionscadail tosaithe fiú, gan an infheistíocht a chuir CFI agus Clann Credo Teo ar fáil. Rinne *Social Audit for the Three Year Pilot Phase of the Joint Working Arrangement between the Western Development Commission and Clann Credo Ltd*, a foilsíodh in 2004 cur síos mionsonraithe ar thorthaí an iniúchta shóisialta agus áiríodh air sin moltaí maidir le cén chaoi a bhféadfadh feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht.



Gillian Buckley, WDC, Éamon Ó Cuív, Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, Lisa McAllister, WDC, Paul O'Sullivan, Clann Credo Ltd and Tracey Hannon, Clann Credo Ltd/WDC at the launch of the Social Audit.

Sheol Éamon Ó Cuív, TD, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an tuairisc i mí na Samhna 2004 ag Ballybane Community Centre, cathair na Gaillimhe, tionscadal pobail a fhaigheann tacaíocht ón socrú cómhaoiniúcháin. Agus é ag moladh na comhpháirtíochta idir CFI agus Clann Credo Teo, leag an tAire béim ar an tábhacht a bhaineann le hairgeadas sóisialta sna hearnálacha pobail agus deonacha i Réigiún an Iarthair. D'aontaigh CFI agus Clann Credo Teo leanúint ar aghaidh leis an socrú cómhaoiniúcháin ar feadh trí bliana eile go dtí 2007.

CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA

### North West Wireless Networks Teo



Monatóireacht ar ghréasáin ag NW Wireless

In 2004, d'fhorbair grúpa de dhaoine áitiúla timpeall Cill Ala agus Inis Crabhann togra chun seirbhís idirlíon leathanbhanda gan sreanga a chur ar fáil ina gceantar féin. Cuireann an fiontar atá mar thoradh air sin, North West Wireless Networks Teo., seirbhís leathanbhanda gan sreanga ar fáil do ghnóthaí agus do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gCill Ala agus Inis Crabhann. Leathnófar an tseirbhís chuig an Droim Mór Thiar, Iascaigh, agus chuig na ceantair máguaird in 2005 toisc gur cheadaigh CII iasacht €30,000 don tionscadal.

CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA

### Hookablemedia Teo

hookable media
personalize your media

Bunaíodh Hookablemedia Teo in 2002 agus tá sé lonnaithe sa Business Innovation Centre, Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach. Forbraíonn an gnólacht bogearraí a chuireann ar chumas úsáideoirí craoltaí raidió, teilifíse agus idirlín a thaifeadadh agus a sheachadadh, agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is féidir na bogearraí a oiriúnú do riachtanais an duine. Baineann gníomhaireachtaí a dhéanann monatóireacht ar na meáin chumarsáide, páirtithe polaitiúla agus preasoifigí Rialtais úsáid as an gcóras le scéalta sonracha sna meáin cumarsáide a aithint agus a thaifeadadh go huathoibríoch.

Rinne CFI infheistíocht €317,000 i Hookablemedia chun cabhrú le gníomhaíochtaí forbartha táirge an ghnólachta a mhaoiniú, chun cur ar a chumas líon na gcustaiméirí a bhí aige a mhéadú agus chun foireann phríomhúil a earcú.

CÁS STAIDÉIR INFHEISTÍOCHTA

### Cora Systems Teo



Ag baint úsáide as bogearraí bainistíochta tionscadal Cora Systems

Is forbróir táirgí feidhmchláir idirlín é Cora Systems atá bunaithe i gCora Droma Rúisc. Baineann a phríomhtháirgí le bogearraí bainistíochta tionscadal. In 2002, chuir CII maoiniú síolchaipitil ar fáil do Cora Systems chun tacaíocht a thabhairt dó ag céim luath dá fhorbairt. Bhain an chuideachta buaicphointí tábhachtacha amach ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar an rathúlacht sin chuir CII iarmhaoiniú €317,000 ar fáil dó mar chuid de phacáiste infheistíochta dara babhta a chuirfidh ar chumas na cuideachta cur lena hiarrachtaí díolacháin sa Ríocht Aontaithe.

# Tionscail Tuaithe Inmharthana a Chur Chun Cinn sa Réigiún



Táirgeadh glasraí orgánacha ag an Ionad Orgánach, Co. Liatroma

## An Earnáil Bia Talmhaíochta Orgánach

### Atlantic Organics

Tar éis ceithre bliana d'obair forbartha ag CFI i gcomhar leis an Ionad Orgánach, an Leitrim Organic Farmers Co-op agus North West Organic Co-op, Co. Dún na nGall, bunaíodh cuideachta nua Atlantic Organics (ar tugadh Tionscnamh Straitéiseach Orgánach an Iarthair air tráth) chun forbairt an tionscail bhia orgánaigh a chur chun cinn i limistéir an Iarthair, an Oirthuaiscirt agus na Teorann. Mar thoradh ar an gcomhghuaillíocht straitéiseach sin, is ceannaire margaidh é Atlantic Organics in earnáil orgánach na hÉireann.

Thug Interreg maoiniú €500,000 do Atlantic Organics in 2004. Chuir an t-airgead sin ar chumas na cuideachta bainisteoir forbartha, comhordaitheoir tionscadal forbartha bia agus tacaíocht riaracháin a cheapadh. Bainfear úsáid as an maoiniú freisin chun táirgí a mbaineann luach breise leo agus táirgí orgánacha a fhorbairt, scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna margaíochta nua do tháirgí orgánacha agus scrúdú a dhéanamh ar mhúnla gnó comhoibritheach nua. Bainfear úsáid as seimineáir, comhdhálacha agus nuachtlitir, iad go léir maoinithe ag Interreg, chun feasacht ar an earnáil seo a ardú i measc tomhaltóirí agus táirgeoirí orgánacha.

Cuireadh tús leis an obair ar a lán de na tionscnaimh sin in 2004, agus táthar ag súil go mbeidh torthaí dearfacha acu in 2005. Is é tuairim CFI gur eiseamláir iontach é an tionscnamh seo den mhéid ar féidir a bhaint amach trí obair a dhéanamh i gcomhar le chéile. Le linn 2005, beidh CFI ag déanamh iarrachta comhpháirtíochtaí cosúla a fhorbairt i gceantair eile i Réigiún an Iarthair.

### Coistí Orgánacha Náisiúnta

Leanann CFI ar aghaidh ag cinntiú go gcuirtear díolta imní na hearnála orgánaí i Réigiún an Iarthair chun cinn ar an leibhéal náisiúnta. Chuir CFI taithí forbartha phraiticiúil ar fáil ag fóraim thábhachtacha náisiúnta trína rannpháirtíocht sa Choiste Orgánach Náisiúnta agus sa Sainghrúpa Oibre um Chomhpháirtíocht Náisiúnta. Bhí tionchar ag an méid a bhí le rá ag CFI maidir le maoiniú forbartha, feirmeacha taispeántais, oiliúint agus oideachas ar mhúnlú beartais náisiúnta don earnáil bia talmhaíochta orgánach le linn 2004.





# Turasóireacht i gCeantair Thearcfhorbartha

## Clár Forbartha Turasóireachta an Iarthair

Leanann CFI air ag tabhairt tacaíochta d'fhorbairt na turasóireachta i gceantair tuaithe trí ranníocaíochtaí a dhéanamh do Chlár Forbartha Turasóireachta an Iarthair (CFTI) agus trí pháirt a ghlacadh ann. Tá an chomhpháirtíocht réigiúnach idirghníomhaireachta seo a d'eascair as tuarascáil CFI *Blueprint for Tourism Development in the West* (2000) maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus faigheann sé tacaíocht ó Fháilte Éireann. Díríonn CFTI ar tháirgí turasóireachta tuaithe nuálacha a fhorbairt a chuireann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe.

An príomhfhócas a bhí ag CFTI in 2004 ná an tionscnamh *Bosca Glas* a bhunú. Is bosca coincheapúil agus spásúil é an 'bosca' sin agus tá sé mar aidhm aige a bheith ar an gcéad cheann scríbe éiceathurasóireachta sa tír. Úsáideann an tionscadal seo cur chuige ón mbun aníos agus glacann an earnáil phoiblí agus phríobháideach páirt i bhforbairt a dhéanamh ar thionscnaimh agus táirgí turasóireachta nua. Ceapadh cúigear ball foirne lánaimseartha chuig an gcuideachta in 2004. Cruthóidh an tionscnamh an chéad scéim teastasaithe riamh in Éirinn do lóistín turasóireachta glaise in 2005. Forbrófar agus cuirfear tús le tionscadail eile le linn na bliana ag baint úsáide as maoiniú a fuarthas ó Interreg i mí na Nollag 2004.

Áirítear na tionscadail seo a leanas ar thionscadail eile CFTI in 2004:

- Scéim i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh a chuir Teastas Náisiúnta for-rochtana i mBainistíocht agus Forbairt Turasóireachta Inmharthana ar fáil i Sligeach agus in Inis Eoghain. Chláraigh níos mó ná 57 duine do na cúrsaí sin;
- *Walking in the West*, tionscadal gníomhach taighde. Is é an aidhm a bhí aige múnla de shárchleachtas idirnáisiúnta a aithint chun tacaíocht a thabhairt do thráchtálaíocht na laethanta saoire fánaíochta i Réigiún an Iarthair. D'oibrigh dhá chuideachta dhéag LEADER sa Réigiún le chéile ar an tionscadal sin. Foilseofar lámhleabhar ar shárchleachtas go luath in 2005;
- Gníomhaíochtaí margaíochta, lena n-áirítear foilsiú an chéad bhróisiúir aonchineálaigh turasóireachta a bhaineann le trí réigiún atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta agus Tionscnamh Píolótach Margaíochta Liatroma.





# Úinéireacht Pobail ar Fheirmeacha Gaoithe

Tá buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta ag Réigiún an Iarthair maidir le fuinneamh gaoithe a ghiniúint mar thoradh ar mheánluasanna gaoithe atá ar roinnt de na meánluasanna gaoithe is airde san Eoraip. Bhunaigh CFI an Chomhpháirtíocht um Fhuinneamh Inmharthana (REP) in 2002 chun taighde a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh daoine i gceantair tuaithe tairbhe a bhaint as an acmhainn nádúrtha sin. Is iad seo a leanas na comhpháirtithe: CFI, Mayo Community Wind Energy Group agus Brí Nua Community Wind Energy Group, Dún na nGall. Rinne REP taighde ar an bpoitéinseal atá ann d'úinéireacht pobail ar thionscadail feirmeacha gaoithe a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair agus tháirg sé an chéad treoirleabhar ar úinéireacht pobail ar fheirmeacha gaoithe in 2004.

Sheol an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív *To Catch the Wind: the Potential for Community Ownership of Wind Farms in Ireland*, a bhí foilsithe ag an REP i mí an Mheithimh 2004 ag an Arigna Mining Experience Centre. Tá dhá chuid sa treoirleabhar agus sa dlúthdhiosca a ghabhann leis:

**Cuid I**

- Achoimre ar thorthaí an taighde
- Cás staidéir ar úinéireacht pobail san Eoraip agus in Éirinn
- Moltaí d'athrú beartais sa réimse a bhaineann le forbairt feirmeacha gaoithe

**Cuid II**

- Treoirleabhar céim ar chéim do ghrúpaí pobail a mbeadh suim acu infheistíocht a dhéanamh i dtionscadal feirm gaoithe
- Teimpléid airgeadais idirghníomhacha (ar an dlúthdhiosca a ghabhann leis) a chuireann ar chumas pobal na díbhinní a ghinfeadh tionscadal forbartha feirm gaoithe a mheas



Fiona Candon, CFI, Michael Farrell, An Cathaoirleach, CFI, Éamon Ó Cuív, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Lisa McAllister, CFI, David Taylor, Fuinneamh Inmharthana Éireann, ag seoladh an lámhleabhair ar úinéireacht pobail ar fheirmeacha gaoithe.

An príomh-mholadh a dhéanann *To Catch the Wind* ná gur chóir do phobail smaoineamh ar pháirt a ghlacadh i dtionscadail feirmeacha gaoithe tráchtála trí úinéireacht a fháil ar roinnt d'acmhainn giniúna an tsuímh in áit tionscadal faoi úinéireacht pobail 100% a bhunú. Moltar é sin mar gheall ar na srianta reatha atá ar úinéireacht pobail feirmeacha gaoithe. Níor chóir machnamh a dhéanamh ar infheistíocht a dhéanamh i dtionscadal tráchtála go dtí go bhfuil cead pleanála, comhaontú nasctha greille agus conradh chun an leictreachas a dhíol faighte aige.



Is iad seo a leanas moltaí beartais *To Catch the Wind* chun dul i ngleic leis na srianta reatha.


| Príomh-mholtaí *To Catch the Wind* | |
|---|---|
| **Beartas Náisiúnta** | Bíonn buntáiste ag na forbróirí feirmeacha gaoithe atá níos mó faoin mbeartas leictreachais náisiúnta reatha. Ba chóir tionscadail phobail nó tionscadail infheistíochta beaga áitiúla a nascadh leis an ngreille leictreachais náisiúnta saor in aisce. |
| **An Praghas a Thairgtear** | Ba chóir córas praghais sheasta don leictreachas uile a ghineann foinsí inmharthana a chur in áit an Cheanglais um Fhuinneamh Ailtéarnach (CFA), an córas tairisceana iomaíoch atá ann faoi láthair, ar feadh 10 mbliana ar a laghad. |
| **Tacaí agus dreasachtaí airgid** | Ba chóir tacaí nó dreasachtaí Stáit a chur ar fáil chun daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair ina bhfuil feirmeacha gaoithe á bhforbairt a spreagadh le hinfheistíocht a dhéanamh iontu. |
| **Rochtain ar fhaisnéis** | Ba chóir síolmhaoiniú a chur ar fáil chun Grúpa Comhairleach ar Fhuinneamh Inmharthana a bhunú. |
| **Struchtúr na n-údarás áitiúil** | Ba chóir d'údaráis áitiúla rannpháirtíocht i dtionscadail fuinneamh gaoithe a spreagadh, mar shampla, trí cheantair a aithint i bPleananna Forbartha Contae.<br><br>Ba chóir an tír a roinnt ina creasa, agus na ceantair a bheadh oiriúnach le feirmeacha gaoithe a bhunú iontu a aithint. Ba chóir go mbeadh baint ag leibhéal úinéireachta pobail na forbartha le cinntí maidir le cead pleanála a thabhairt. |

# Forbairtí Riaracháin

Le linn 2004, d'fhorbair CFI beartais agus cleachtais oibriúcháin dhifriúla agus chuir sé iad i bhfeidhm mar a bhí ceangailte air faoin gComhaontú Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn agus de réir an Chóid Chleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit. Bhí gá le lámhleabhar a ullmhú a leag cuspóirí straitéiseacha Acmhainní Daonna CFI amach i dteannta a bheartais agus a nósanna imeachta AD. Forbraíodh an lámhleabhar le rannpháirtíocht ghníomhach na foirne, na gceardchumann agus na bainistíochta ag baint úsáide as an múnla comhpháirtíochta. Cuireann sé luach breise le róil na mball foirne aonair agus cuireann sé le caighdeán na seirbhíse a chuirimid ar fáil.

## Foireann

Faoi na forálacha a bhaineann le Comhaontú Pá na Seirbhíse Poiblí, thuairiscigh CFI dul chun cinn ar a Phlean Gnímh Ag Coinneáil Dul Chun Cinn don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta mar chuid den chóras dearbhúcháin feidhmíochta.




WDC Customer Charter booklet

## Cúram Custaiméirí

D'ullmhaigh agus d'fhoilsigh CFI Cairt do Chustaiméirí in 2004. Leagann sé amach caighdeán na seirbhísí ar chóir go mbeadh custaiméirí ag tnúth leo agus iad ag déileáil leis an eagraíocht. Tá CFI tiomanta seirbhís phroifisiúnta, éifeachtach agus chúirtéiseach a chur ar fáil dá chustaiméirí de réir Phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a cheadaigh an Rialtas. Mar chuid dá thiomantas feabhas a chur ar a leibhéal seirbhíse agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh air, d'athdhear CFI a láithreán gréasáin (www.wdc.ie) in 2004 agus chuir sé foirm aiseolais ar líne ar fáil dá chustaiméirí.

Is iad seo a leanas torthaí na meastóireachta a rinne CFI ar a thiomantais seirbhíse:

- Chomhlíon sé a thiomantais chúraim custaiméirí uile maidir le cruinnithe, cuairteanna, faisnéis, láithreán gréasáin, foilseacháin agus Acht na dTeangacha Oifigiúla;
- Déileáladh leis na hiarratais uile a seoladh chuig CFI ar bhonn comhleanúnach neamhchlaonta de réir rialacha agus rialacháin CFI;
- Tá CFI tiomanta do bheartas comhionannas deiseanna agus thóg sé a bheartais maidir le comhionannas san ionad oibre cothrom le dáta in 2004;
- Tá meas ag CFI ar rúndacht na faisnéise a fhaigheann sé, agus cothabhálann sé an rúndacht sin;
- Níor taifeadadh aon ghearán ó chustaiméir in 2004.

# Tuairisc ar Chomhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit ag CFI in 2004

**1. Cód Iompair Ghnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe CFI**

Leagadh cóid iompair ghnó amach do na stiúrthóirí agus na fostaithe uile, shínigh na páirtithe ábhartha uile iad agus comhlíonadh iad in 2004.

**2. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh**

Dearbhaím gur chomhlíon CFI na nósanna imeachta cuí uile d'iniúchadh inmheánach mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais iad. Rinneadh an obair seo a leanas i ndáil le hiniúchadh inmheánach:

(i) *Iniúchadh Inmheánach*

In 2004, cheap CFI Ernst & Young le hiniúchadh inmheánach CFI a dhéanamh. Ullmhaíodh cairt iniúchta inmheánaigh. Tugann ceann an iniúchta inmheánaigh tuairisc don Choiste Iniúchta. Mar chuid dá gclár oibre in 2004, d'ullmhaigh Ernst & Young Plean Iniúchta Inmheánaigh agus rinne siad dhá athbhreithniú ar chaiteachas. Thug na hiniúchóirí tuairisc ar na torthaí a fuair siad don Choiste Iniúchta agus don Choimisiún agus rinne siad moltaí.

(ii) Coiste Iniúchta CFI

Bhuail Coiste Iniúchta CFI le chéile ceithre huaire i rith 2004 agus thug sé tuairisc don Choimisiún ar a ghníomhaíochtaí.

(iii) Iniúchtaí CFI

Tugadh na hiniúchtaí seo a leanas chun críche in 2004 chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chóras rialacháin airgeadais inmheánaigh CFI:

- Iniúchadh airgeadais iomlán ar CFI ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Dhá athbhreithniú ar chaiteachas eagraíochtúil (lena n-áirítear CFI agus párolla) déanta ag na hiniúchóirí inmheánacha;
- Iniúchadh ar CFI déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim, lenar áiríodh cáin shiarchoinneálach agus párolla;
- Iarobair ar iniúchadh 2004 CFI déanta ag foireann iniúchta inmheánaigh na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

**3. Soláthar**

Chomhlíon CFI na nósanna imeachta soláthair ábhartha a leagtar amach i dTreoirlínte Soláthair an Rialtais 2004.

**4. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe**

Níor dhiúscair CFI aon sócmhainn in 2004.

**5. Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistíocht Caiteachais Chaipitiúil**

Ní bhaineann na treoirlínte sin le CFI.

**6. Pá Príomhfheidhmeannach agus Fostaithe Comhlachtaí Stáit**

Cloíonn CFI le treoirlínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le híoc as an bPríomhfheidhmeannach agus na fostaithe.

**7. Íoc Táillí agus Costais na Stiúrthóirí**

Cloíonn CFI le treoirlínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le híoc as táillí Stiúrthóirí. Tugtar mionsonraí na dtáillí agus na gcostas comhiomlán sna cuntais bhliantúla.

**8.** Cuireadh tuarascáil Cathaoirligh ar leithligh faoi bhráid an Aire i dteannta Thuarascáil Bhliantúil 2004.

**9.** Dearbhaím gur chomhlíon CFI na dlíthe cánach ábhartha agus a n-oibleagáidí cánach go hiomlán.

Sínithe ag: ______________________

Cathaoirleach CFI

# Ráitis Airgeadais
# Choimisiún Forbartha an Iarthair
# Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2004

## CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair | 28 |
| Ráiteas Freagrachtaí an Choimisiúin | 29 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 30 |
| Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach | 31 |
| Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta | 32 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | 33 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Chiste Infheistíochta an Iarthair | 34 |
| Clár Comhardaithe | 35 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 36 |

# Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair

**Cathaoirleach**

Michael Farrell, Co. Shligigh
*Iar-Phríomhfheidhmeannach, Comharchumann Connacht Gold*

**Comhaltaí**

Cllr. Mary Bohan, Co. Liatroma
Comhairle Chontae Liatroma

Mary Devine O'Callaghan, Co. Ros Comáin
Bainisteoir Oifige

Tish Gibbons, Co. na Gaillimhe
Rúnaí Brainse, Ceardchumann Seirbhísí Tionsclaíocha, Gairmiúla agus Teicniúla

Pat Gilmore, Co. na Gaillimhe
Feirmeoir agus Fear Ósta

Billy Grimes, Co. Dhún na nGall
Léachtóir, Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga

Greg Jackson, Co. Mhaigh Eo
Ceantálaí

Des Mahon, Co. Mhaigh Eo
Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Mhaigh Eo

Martina Minogue, Co. an Chláir
Stiúrthóir E-Training (Int) Ltd

Pádraig Ó Caomhánaigh, Co. na Gaillimhe
Cúrsaí Pobail

Ray O'Donoghue, Co. na Gaillimhe
Council for the West

An Dr. Katie Sweeney, Co. Mhaigh Eo
Príomhoide GMIT, Caisleán an Bharraigh

**Baincéirí:** Banc na hÉireann
Bealach an Doirín
Co. Ros Comáin

**Iniúchóirí:** An tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas
Áras an Státchiste
Caisleán Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

# Ráiteas Freagrachtaí an Choimisiúin

Éilíonn Alt 22 d'Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú ar shlí a cheadódh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le comhthoiliú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú éilítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé sin mí-chuí;
- aon athruithe ábhartha gnáis ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a léiríonn staid airgeadais an Choimisiúin, le cruinneas reasúnach ag aon tráth agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 22 an Achta. Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus iad a aimsiú.

**Cathaoirleach:** ______________________

**Príomhfheidhmeannach:** ______________________

# Tuarascail an Ard-Reachtaire Cuntas agues Ciste le cur I láthair Thithe an Oireachtais

## COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 5 go dtí 12 iniúchta agam faoi Alt 22 (2) den Acht um Choimisún Forbartha an Iarthair, 1998.

### Freagrachtaí Chomhaltaí and Choimisiúin agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Ta freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Choimisiúin leaghta amach ar leathanach 2. Tá sé d'fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe are m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireach i mo láthair agus tuarascail a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 4 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Coimisiún treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Comisiún amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá are eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

### An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar an ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúoireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhalachtaí Stáit.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá are chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíod na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad are bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### Tuairim

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCoimisiún agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Choimisiún Forbartha an Iarthair ag 31 Nollaig 2004 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

**Gerard Smyth**
**Le hagaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**8 Lúnasa 2005**

# Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach 2004

**1** Admhaím thar ceann Bhord Choimisiúin Forbartha an Iarthair ár bhfreagracht a chinntiú go bhfeidhmítear agus go gcothabháltar córas éifeachtach maidir le rialú airgeadais inmheánach.

**2** Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbheartaíochtaí údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar mhírialtachtaí nó go n-aimseofaí iad i dtréimhse chaoithiúil.

**3** Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an mBord agus deartha chun rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar:

i) Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a fheidhmiú trí:

- struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir a bhunú;
  - le freagrachtaí sainmhínithe; teorainneacha údaráis; le dualgaisí á roinnt agus údarás tarmligthe;
- sásraí tuairiscithe chuig an gCathaoirleach agus chuig an mbainistíocht.

ii) Úsáideann an Coimisiún Córas Bhainistiú Airgeadais in-tí a chuireann ar a chumas próiseas buiséadaithe cuimsitheach a fheidhmiú agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go n-aithneofar, go scrúdófar agus go rachfar i ngleic le haon athraithe ar bhuiséadú go pras.

iii) Tá nósanna imeachta ag an gCoimisiún chun dul i ngleic le himpleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó. Áirítear orthu sin :

- buiséad bliantúil ceadaithe ag an mBord;
- nósanna imeachta oibríochtúla airgeadais ata sainmhínithe go soiléir;
- nósanna imeachta infheistíochta atá sainmhínithe go soiléir agus ceadaithe ag an mbord, chun Ciste Infheistíochta an Iarthair a fheidhmiú; lena n-áirítear nósanna imeachta iar-infheistíochta;
- teorainneacha údaraithe sainmhínithe, roinnt dualgas.

iv) Tá na nósanna imeachta seo a leanas ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh:

(a) Feidhm Iniúchta Inmheánach, atá curtha amach ar chonradh agus a fheidhmíonn de réir an Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíonn an fheidhm iniúchta inmheánach pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar an riosca a bhíonn os comhair na heagraíochta. Tá an plean iniúchta sin formhuinithe ag an gCoiste Iniúchta. Cuireann an tIniúchadh Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánach ar fáil don Choiste Iniúchta.

(b) Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais faoi thionchar ag:

- obair an iniúchóra inmheánaigh;
- an coiste iniúchta (a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh);
- feidhmeannas an Choimisiúin atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil; agus
- tuairimí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta.

**4** Dearbhaím gur glacadh na céimeanna seo a leanas i 2004 chun éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh:

- Chuaigh Iniúchóirí Inmheánacha an WDC, Ernst & Young i mbun dhá athbhreithniú ar chaiteachas eagraíochtúil (lena n-áirítear Ciste Forbartha an Iarthair agus párolla), agus thug siad tuairisc ar na hathbhreithnuithe sin don choiste iniúchta agus don Bhord;
- Chuaigh iniúchóirí inmheánacha na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i mbun athbhreithnithe leanta i 2004.

Cé go ndeachthas i mbun athbhreithnithe ar réimsí sonracha ní dearnadh aon athbhreithniú foriomlán ar éifeachtacht an chórais do 2004

**Cathaoirleach:** ______________________

# Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

**1 Bunús Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhruithe cuntasaíochta ach amháin mar a leagtar amach thíos, agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo faoin gcoinbinsiún costais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a thagann feidhm leo.

**2 Deontais Oireachtais**

Déileáiltear le deontais Oireachtais ar bhonn fáltais airgid thirim.

**3 Sócmhainní Dochta**

Luaitear Sócmhainní Dochta de réir a gcostais nó a luach stairiúil lúide dímheas carntha.

Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn dronlíneach ag na rátaí a leagtar amach thíos, ionas go ndéantar na sócmhainní a dhíscríobh, arna leasú de réir luach iarmharach measta, ar feadh na tréimhse inúsáide a mheastar dóibh.

Fearas agus Feisteas 15%

Ríomhairí agus TE 33%

**4 Aoisliúntas**

Oibríonn an Choimisiún scéim aoisliúntais sochair sainithe d'fhostaithe Choimisiún Forbartha an Iarthair. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn faoin scéim as an ioncam reatha agus cuirtear de mhuirear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais é don bhliain ina mbíonn sé iníoctha. Ní dhéantar aon soláthar sna ráitis airgeadais maidir le sochair san am atá romhainn. Cuirtear Tuarastail agus Pá de mhuirear sna ráitis airgeadais glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostaí.

**5 Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críche caipitil

**6 Ciste Infheistíochta an Iarthair**

Tá ciste foriomlán de €34.4 milliún geallta ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Nuair a cheadaíonn an Coimisiún tionscadal tarraingítear airgead anuas as cistí na Roinne agus eisítear iasachtaí agus infheistíochtaí chuig an gcomhlacht ábhartha.

**7 Ioncam Infheistíochta**

Cuirtear ioncam infheistíochta a thuilltear ar Chiste Infheistíochta an Iarthair chun sochair don Chiste.

Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn comhardaithe laghdaithigh agus cuirtear chuig an cuntas Ioncaim & Caiteachais é thar thréimhse an chomhaontaithe. Ní fabhraítear ús ar iasachtaí i riaráiste agus ní chuirtear chuig an cuntas Ioncaim & Caiteachais é go dtí go bhfaightear é.

Cuirtear díbhinní ar infheistíochtaí cothromais chuig an cuntas Ioncaim & Caiteachais mar a fhaightear iad.

**8 Infheistíochtaí Neamhluaite**

Luaitear infheistíochtaí neamhluaite ag costas nó ag glanluach inréadaithe, cibé acu sin is ísle, bunaithe ar mheasúnuithe na bainistíochta i ndiaidh próiseas athbhreithnithe de gach cuideachta phunainne, agus na cuntais iniúchta is déanaí a bhíonn ar fáil agus nuachuntais bhainistíochta á n-úsáid agus eolas eile gnó a bhíonn ábhartha. Tá na treoracha a leanann an WDC chun teacht ar na luachálacha de réir phrionsabail luachála Chumainn Chaipitil Fiontair na hÉireann agus na hEorpa. Nuair nach mbíonn na cúiseanna do sholáthairtí i ndáil le lagú luacha infheidhme a thuilleadh déantar na soláthair sin a iarchur. Nuair is ionann measúnú bainistíochta ar luach infheistíochta agus neamhnaí, de bharr dócmhainneachta nó eile, díscríobhtar na hinfheistíochtaí sin.

**9 Soláthairtí do Bheartas Caillteanais Iasachta**

Déantar soláthairtí sonracha in aghaidh iasachtaí nuair a bhreithníonn an WDC go mbíonn acmhainneacht creidmheasa iasachtaí imithe in olcas chomh mór sin go mbíonn amhras ann maidir le suim iomlán na hiasachta atá gan íoc a aisghabháil nó cuid di. Is ionann suim an tsoláthair shonrach agus an suim a theastaíonn chun luach carraeireachta na hiasachta a laghdú go dtí a glanluach inréadaithe ionchais ar deireadh.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004

| Coimisiún Forbartha an Iarthair | | 2004 | 2004 | 2003 | 2003 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontas Oireachtais | **Nóta 1** | 5,519,037 | | 4,897,960 | |
| Aistriú chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair | | (3,956,537) | | (3,513,000) | |
| Aistriú ó/(chuig)Cuntas Caipitil | | 6,386 | | 27,393 | |
| | | | 1,568,886 | | 1,412,353 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais Oibriúcháin | **Nóta 2** | | 1,575,294 | | 1,419,435 |
| Barrachas/(Easnamh) amhail an 31 Nollaig | | | (6,408) | | (7,082) |
| Barrachas/(Easnamh) ag tús na bliana | | | (4,253) | | 2,829 |
| **Barrachas/(Easnamh) ag deireadh na bliana** | | | **(10,661)** | | **(4,253)** |

Níl aon ghnóthacháin ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin a ndeileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Tá an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 9 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Michael Farrell
Cathaoirleach

Lisa McAllister
Príomhfheidhmeannach

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004

| Ciste Infheistíochta an Iarthair | 2004 | 2004 | 2003 | 2003 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Ioncam** | | | | |
| Aistriú ón gCoimisiún | 3,956,537 | | 3,513,000 | |
| Ús a tuilleadh | 80,220 | | 78,235 | |
| Táillí Socrúcháin | 95,439 | | 57,637 | |
| | | 4,132,195 | | 3,648,873 |
| **Caiteachas** | | (150,773) | | (55,596) |
| **Soláthar d'Infheistíochtaí a thabhairt anuas** | | (2,573,066) | | - |
| Ardú/Ísliú sa Chiste | | 1,408,356 | | 3,593,277 |
| Iarmhéid an Chiste ag tús na bliana | | 7,324,486 | | 3,731,209 |
| Iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana | | **8,732,842** | | **7,324,486** |

Níl aon ghnóthacháin ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin a ndeileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Tá an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 9 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Michael Farrell
Cathaoirleach

Lisa McAllister
Príomhfheidhmeannach

# Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2004

| | NÓTAÍ | 2004 € | 2003 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Dochta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | **4** | 45,583 | 51,969 |
| Infheistíochtaí | **5** | 8,732,842 | 7,324,486 |
| | | 8,778,425 | 7,376,455 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Cuntas Reatha Bainc | | 10,328 | 48,126 |
| An féichiúnaí mar shuim dlite ó Chiste Infheistíochta an Iarthair | | 45,605 | - |
| Réamhíocaíochtaí | | 17,448 | 18,891 |
| | | 73,381 | 67,017 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | | (84,042) | (71,269) |
| **Iansócmhainní Reatha** | | (10,661) | (4,252) |
| Iomlán Sócmhainní Iúide Dliteanais Reatha | | **8,767,764** | **7,372,202** |
| **Arna maoiniú ag:** | | | |
| An Ciste Infheistíochta | | 8,732,842 | 7,324,486 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (10,661) | (4,253) |
| Cuntas Caipitil | **6** | 45,583 | 51,969 |
| | | **8,767,764** | **7,372,202** |

Tá an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 9 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Michael Farrell
Cathaoirleach

Lisa McAllister
Príomhfheidhmeannach

# Nótaí do na Raitis Airgeadais

| 1. Ioncam Deontais | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas Oibriúcháin | 1,562,500 | 1,384,960 |
| Deontas WIF | 3,956,537 | 3,513,000 |
| | 5,519,037 | 4,897,960 |

| 2. Costais Oibriúcháin | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | 830,737 | 731,247 |
| Taisteal agus cothabháil - Foireann | 56,935 | 67,781 |
| Pinsean | 34,865 | 33,852 |
| Earcaíocht | 6,811 | 11,730 |
| Táillí Oiliúna/Comhdhála | 40,929 | 40,019 |
| Caidreamh Poiblí | 36,620 | 25,296 |
| Táillí Gairmiúla | 106,929 | 25,406 |
| Táillí Gairmiúla - Ciste Infheistíochta an Iarthair | 109,356 | 78,483 |
| Comhaltaí an Bhoird | | |
| Taisteal agus Cothabháil | 16,127 | 16,718 |
| Táillí | 63,487 | 60,627 |
| Meetings and Seminars | 6,534 | 10,810 |
| Board Meeting Expenses | 1,337 | 1,877 |
| Painéal Comhairleach an Chiste (FAP)/ Comhphainéal Measúnaithe (JEP) | | |
| Taisteal agus Cothabháil | 808 | 2,808 |
| Costais chruinnithe FAP/JEP | 1,448 | 1,981 |
| Priontáil, Margaíocht, Dearadh | 26,283 | 33,347 |
| Foilseacháin | 1,766 | 4,690 |
| Costais Oifige | 45,655 | 59,890 |
| Léasú | 5,064 | 7,617 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 36,357 | 58,354 |
| Árachas | 19,295 | 24,188 |
| Táille Iniúchta | 11,725 | 13,393 |
| Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach | 22,023 | 0 |
| Síntiúis agus Fógraíocht | 70,089 | 18,204 |
| Dímheas | 21,123 | 40,817 |
| Ilnithe | 2,128 | 1,941 |
| Forbairt Réigiúnach | 865 | 46,465 |
| Taighde & Forbairt | 0 | 1,897 |
| | **1,575,294** | **1,419,435** |

**3. Áitribh**

Is tionónta é Coimisiún Forbartha an Iarthair i dTeach Dillon, foirgneamh atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Ros Comáin. Tá comhaontú léasa idir an Chomhairle Contae agus Oifig na nOibreacha Poiblí á shocrú faoi láthair. Tuigtear go n-íocfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí cíos thar ceann an Choimisiúin.

# Nótaí do na Raitis Airgeadais – ar lean

| 4. Sócnhainní Dochta | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas/Luacháil amhail an 1 Eanáir | 183,052 | 212,055 |
| Breiseanna i rith na Bliana | 14,737 | 13,424 |
| Diúscairtí | 0 | (42,427) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 197,789 | 183,052 |
| Dímheas Carntha | 131,083 | 132,693 |
| Muirear don tréimhse | 21,123 | 40,817 |
| Diúscairtí | | (42,427) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 152,206 | 131,083 |
| | **45,583** | **51,969** |

| 5. Infheistíochtaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infheistíochtaí Cothromais | 5,382,743 | 4,390,455 |
| Iasachtaí | 2,601,441 | 2,432,115 |
| Cistí tiomanta d'infheistíocht | 121,928 | 169,201 |
| Iarmhéid ar fáil le haghaidh Infheistíochta* | 626,730 | 322,985 |
| Cuntasd Reatha Oibriúcháin | | 9,731 |
| | **8,732,842** | **7,324,486** |

* Tá an t-iarmhéid atá ar fáil le haghaidh infheistíochta comhdhéanta de €672,335 coinnithe i dtaisce lúide€45,605 atá dlite don Choimisiún ó Chiste Infheistíochta an Iarthair

** Tá soláthar déanta do luach iasachtaí de €667,128 agus infheistíochtaí cothromais de €1,905,398 a thabhairt anuas tar éis athbhreithniú ar na hinfheistíochtaí i rith na bliana

| 6. Cuntas Caipitil | 2004 | 2004 | 2003 | 2003 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 51,969 | | 79,362 |
| Aistriu ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | | |
| – Cistí a leithdháileadh chun Sócmhainní Dochta a fháil | 14,737 | | 13,424 | |
| – Suim amúchta ag teacht le dímheas sócmhainní | (21,123) | | (40,817) | |
| | | (6,386) | | (27,393) |
| | | **45,583** | | **51,969** |

| 7. Ceangaltais san am atá Romhainn | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| Ceangaltais ag tús na bliana | 3,161,422 | 1,811,090 |
| Ceadanna | 3,704,000 | 5,678,000 |
| Dícheangaltais | (650,194) | (625,972) |
| Íocaí amach | (4,033,228) | (3,701,696) |
| Ceangaltais ag deireadh na bliana | 2,182,000 | 3,161,422 |

**8. Aoisliúntas**

D'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta caighdeán nua cuntasaíochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 (FRS 17), Sochair Scoir i Samhain 2000. Ní bheidh comhlíonadh an chaighdeáin nua riachtanach go dtí bliain airgeadais 2005. Mar sin féin, éilítear ar Choimisiún Forbartha an Iarthair na sócmhainní (más ann dóibh) agus na dliteanais a bhaineann leis scéim pinsin a chuid fostaithe seirbhíse poiblí a nochtadh i nóta do na cuntais, de réir an tsocraithe idirthréimhseach atá leagtha síos ag an gcaighdeán.

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach de na dliteanais i ndáil le scéim aoisliúntais Fostaithe Seirbhíse Poiblí Choimisiún Forbartha an Iarthair amhail an 31ú Nollaig 2004. Úsáideadh modh an aonaid fhotheilgthe chun teacht ar an luacháil.

# Nótaí do na Raitis Airgeadais – ar lean

Ba mar seo a leanas a bhí na boinn tuisceana deiridh a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh;

| | **2004** | **2003** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 5.50% | 6% |
| Bonn Tuisceana Ardú Tuarastail | 4% | 4% |
| Bonn Tuisceana Ardú Pinsin | 4% | 4% |
| Boilsciú Praghasanna | 2% | 2% |

Is mar seo a leanas atá an dliteanas pinsin, bunaithe ar an boinn tuisceana sin agus ag úsáid modh an aonaid fhortheilgthe atá forordaithe i FRS 17;

| | **2004** |
|---|---|
| | € |
| Dliteanais Fhabhraithe i ndáil le Foireann an WDC amhail an 31st Nollaig 04 | 633,000 |

Níl aon sócmhainní i seilbh i ndáil le dliteanais phinsin fabhraithe foireann an WDC
Dá nglacfaí go hiomlán le ceanglais FRS 17 i 2004, bheadh na nithe seo a leanas le feiceáil sna Ráitis Airgeadais

Anailís ar an suim a bheadh curtha de mhuirear ar bhrabús oibriúcháin faoi FRS 17

| | € |
|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 112,000 |
| Costas Seirbhíse roimhe seo | - |
| Costas Oibriúcháin Iomlán | 112,000 |

Anailís ar an suim a bheadh curtha chun sochair ioncam airgeadais eile

| | € |
|---|---|
| Ús ar dhliteanais scéime pinsin | (21,000) |

Anailís ar an suim a d'aithneofaí sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta (STRGL)

| | € |
|---|---|
| Taithí gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn ar dhliteanais na scéime: | (88,000) |
| Athruithe i mboinn tuisceana atá mar bhonn do luach dliteanas na scéime faoi láthair: | (62,000) |
| Gnóthachan achtúireach aitheanta sa STGRL: | (150,000) |

Easnamh ag tús na bliana

| | € |
|---|---|
| Easnamh ag tús na bliana | (350,000) |
| Costas seirbhíse reatha: | (112,000) |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime | (21,000) |
| Gnóthachan achtúireach aitheanta sa STGRL | (150,000) |
| Easnamh sa scéim ag deireadh na bliana | (633,000) |

**9. Leasanna Chomhaltaí an Choimisiúin**

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh leasanna chomhaltaí an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Dhearbhaigh an tUas. Sean Hannick atá ina chomhalta den Choimisiún, go bhfuil leas aige i dtionscadal de chuid Northwest Wireless agus gur comhalta de Northwest Wireless é. Ní raibh an tUas. Sean Hannick i láthair ag an gcruinniú nuair a bhí an cinneadh á dhéanamh, dá rogha féin.

# Aguisíní

## Aguisín 1:

### Baill Choimisiún Forbartha an Iarthair 2004

**An Cathaoirleach**

Michael Farrell, *Baile an Mhóta, Co. Shligigh*

**Baill**

Comhairleoir Mary Bohan, *Ball, Comhairle Contae Liatroma*
Comhairleoir Alice Bonnar, *Ball, Comhairle Contae Dhún na nGall*
Tish Gibbons, *Rúnaí Brainse, SIPTU, Caisleán an Bharraigh*
Billy Grimes, *Léachtóir, Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga*
Seán Hannick, *Stiúrthóir Bainistíochta, Precision Components Chill Ala, Co. Mhaigh Eo*
Joe Healy, *Feirmeoir, Co. na Gaillimhe*
Des Mahon, *Bainisteoir an Chontae, Comhairle Contae Mhaigh Eo*
Paddy McGarry, *Príomhoide scortha, Coiste Gairmoideachais Ros Comáin*
John MacNamara, *Baincéir scortha, Co. na Gaillimhe*
Martina Minogue, *Stiúrthóir, E-training International, Co. an Chláir*
Pádraig Ó Caomhánaigh, *Gníomhaire pobail, Co. na Gaillimhe.*

### Painéal an Choiste Iniúchta

**An Cathaoirleach**

John MacNamara, *Eacnamaí, Co. na Gaillimhe*

**Baill**

Martina Minogue, *Stiúrthóir, E-training International, Co. an Chláir*
Seán Hannick, *Stiúrthóir Bainistíochta, Precision Components Chill Ala, Co. Mhaigh Eo*
Michael Farrell, *Baile an Mhóta, Co. Shligigh*

# Aguisín 2:

## Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair

Lisa McAllister, *Príomhfheidhmeannach*

An Dr Patricia O'Hara, *Bainisteoir Beartais*
Deirdre Frost, *Anailíseoir Beartais*
An Dr Helen McHenry, *Anailíseoir Beartais*
Pauline White, *Anailíseoir Beartais (ar conradh sealadach)*

An Dr Dermot Hurst, *Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí*
Cariosa Lynch, *Feidhmeannach Forbartha Réigiúnaí*
Fiona Candon, *Feidhmeannach Forbartha Réigiúnaí*

Gillian Buckley, *Bainisteoir Infheistíochta*
John Allen, *Feidhmeannach Infheistíochta*
Geraldine McLoughlin, *Feidhmeannach Infheistíochta*
Tracey Hannon, *Feidhmeannach Airgeadais Shóisialta, CFI/ Clann Credo Teo*

Theresa Higgins, *Ceann Riaracháin*
Breda Joyce, *Oifigeach Airgeadais*
Caroline Coffey, *Oifigeach Cléireachais*
Fiona Regan, *Oifigeach Cléireachais*
Mary Keaveney, *Oifigeach Cléireachais*

# Aguisín 3:

## Painéal Comhairleach Chiste Infheistíochta an Iarthair

**An Cathaoirleach**

Michael Farrell, *Príomhfheidhmeannach scortha, Connacht Gold Co-op, Co. Shligigh*

**Baill**

Michael Corless, *Ernst & Young, Gaillimh*
John Dillon, *Shannon Development, Co an Chláir*
Judy Greene, *Judy Greene Pottery, Gaillimh*
Willie O'Brien, *Fiontraíocht Éireann, Baile Átha Cliath*
Martina Minogue, *Stiúrthóir, E-Training International, Co an Chláir*
Séan Hannick, *Stiúrthóir Bainistíochta, Precision Components Chill Ala, Co Mhaigh Eo*
John MacNamara, *Baincéir scortha, Co. na Gaillimhe*

## Painéal Comh-Mheastóireachta Chiste Infheistíochta an Iarthair

**Cathaoirligh Imrothlacha**

Gillian Buckley, *Bainisteoir Infheistíochta, Coimisiún Forbartha an Iarthair*
Paul O'Sullivan, *Príomhfheidhmeannach, Clann Credo Teo, Baile Átha Cliath*

**Baill**

Jerry Butler, *Clann Credo Teo, Baile Átha Cliath*
Martin Coggins, *Coggins & Company, Sligeach*
Sr Magdalen Fogarty, *Clann Credo Teo, Baile Átha Cliath*
Sue Targett, *Eiri Corca Baiscinn Teo, Co. an Chláir*
Tish Gibbons, *SIPTU, Caisleán an Bharraigh*
Pat Cummins, *Saotharlann Connacht Gold, Co. Ros Comáin.*

# Aguisín 4: Punann Tionscadal

## Infheistíochtaí Ceadaithe agus/nó Íoctha in 2004

### Tionscadail Ghnó

| Tionscadal | Contae | Cineál/Méid na hInfheistíochta | Stádas |
|---|---|---|---|
| **3Touch Teo** | Ros Comáin | Cothromas - €317,000 | An chéad tráinse íochta |
| Cur síos | Córas bainistíochta chomhdhálacha gan siúnta | | |
| **Brivant Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Fearais leighis | | |
| **Cora Systems Teo** | Ros comáin | Cothromas - €242,000* | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Bogearraí bainistíochta tionscadail | | |
| **Eirnet Technologies Teo** | Gaillimh | Cothromas - €200,000 | An dara tráinse íochta |
| Cur síos | Bogearraí monatóireachta parlaiminte | | |
| **Emerald Guitars** | Dún na nGall | Cothromas - €200,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Déantóireacht giotár | | |
| **FMC Tech Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Córas rialála/monatóireachta do ghréasáin leictreachais ar mheánvoltas | | |
| **Heatsolve Teo** | Maigh Eo | Cothromas - €317,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Eilimintí agus córais téimh indibhidiúla | | |
| **Hookablemedia Teo** | Sligeach | Cothromas - €317,000 | An dara tráinse íochta |
| Cur síos | Bogearraí le monatóireacht a dhéanamh ar mheáin chraolta | | |
| **InterMed Precision Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Déantóireacht fearais agus comhpháirteanna leighis ar conradh | | |
| **Lightstorm Networks** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Gnólacht a dhearann leathsheoltóirí | | |
| **Metamusic Teo** | Gaillimh | Cothromas - €100,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Bogearraí a fhorbairt do chumadóir fuaimriain bunaithe ar fhíseáin | | |
| **Netfort Technologies Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | Díchoimisiúnaithe (Díchoimisiúnaíodh an tionscadal seo in 2005 toisc nár thóg na tionscnóirí an maoiniú) |
| Cur síos | Córais mhonatóireachta agus anailísithe tráchta ar líonra ríomhairí | | |
| **Plastic Processing Alternatives (PPA) Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,435 | An tríú tráinse íochta |
| Cur síos | Teicneolaíocht déantóireachta plaistigh | | |
| **Proxy Biomedical Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | An dara tráinse íochta |
| Cur síos | Fearais bhithleighis do dheisiú fíocháin | | |
| **Metis Solutions Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | An dara tráinse íochta |
| Cur síos | Bogearraí d'idirghabhálaithe na seirbhísí airgeadais | | |

* Is ionann an infheistíocht iomlán sa tionscadal seo go dtí seo agus €380,487

# Aguisín 4: Punann Tionscadal

## Infheistíochtaí Ceadaithe agus/nó Íoctha in 2004

### Tionscadail Ghnó

| Tionscadal | Contae | Cineál/Méid na hInfheistíochta | Stádas |
|---|---|---|---|
| **Torc Interactive Teo** | Dún na nGall | Cothromas - €317,000 | An chéad tráinse íochta |
| Cur síos | Ardán inneall rindreála tríthoisí do thionscal cluichíochta na ríomhairí pearsanta | | |
| **Zerusa Teo** | Gaillimh | Cothromas - €317,000 | An chéad tráinse íochta |
| Cur síos | Fearais leighis | | |

### Tionscadail Phobail

| Tionscadal | Contae | Cineál/Méid na hInfheistíochta | Stádas |
|---|---|---|---|
| **Aghamore Community Development Group** | Maigh Eo | Iasacht- €50,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Campas pobail comhtháite le bunscoil náisiúnta, saoráidí cúraim leanaí agus saoráidí pobail | | |
| **Ballybane Community Centre Teo** | Gaillimh | Iasacht- €40,000+ | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Ionad acmhainne pobail agus cúraim leanaí | | |
| **Belt Torc Development Company Teo** | Sligeach | Iasacht- €100,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Ionad acmhainne agus oidhreachta | | |
| **IRD North Mayo-West Sligo Teo T/A Moy Valley Resources** | Maigh Eo | Iasacht- €300,000* | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Ionad fiontair pobail | | |
| **Kilkee Tourism Teo** | Clár | Iasacht- €75,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Saoráid turasóireachta | | |
| **North West Wireless Networks Teo** | Maigh Eo | Iasacht- €30,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Seirbhís leathanbhanda gan sreanga | | |
| **Ros comáin Community Enterprise Centre** | Ros Comáin | Iasacht- €76,200 | An chéad tráinse íochta |
| Cur síos | Ionad fiontair pobail | | |
| **Tullyarvan Mill** | Dún na nGall | Iasacht- €175,000 | Díchoimisiúnaithe (Díchoimisiúnaíodh an tionscadal seo in 2004 toisc nár thóg na tionscnóirí an maoiniú) |
| Cur síos | Ionad fiontair agus cultúir phobail agus brú | | |

+ Is ionann an infheistíocht iomlán sa tionscadal seo go dtí seo agus €85,600 * Is ionann an infheistíocht iomlán sa tionscadal seo go dtí seo agus €450,000

### Tionscadail Speisialta

| Tionscadal | Contae | Cineál/Méid na hInfheistíochta | Stádas |
|---|---|---|---|
| **Maoiniú Mara Teo (MMT)** | Gaillimh | Iasacht- €500,000 | An méid iomlán íochta |
| Cur síos | Bhunaigh Grúpa Tháirgeoirí Bia Mara na hÉireann MMT chun cabhair a thabhairt don tionscal bradán feirmithe athrú ó bheith faoi stiúir an táirgthe go dtí a bheith faoi stiúir an mhargaidh. Thug CFI airgead ar iasacht chun cabhrú leis an athrú sin. | | |